



NCCA An Chomhairle Náisiúnta
Curraim agus Measúnachta
National Council for
Curriculum and Assessment

Dréachtshonraíocht don Fholláine

Do Bhunscoileanna agus
Scoileanna Speisialta

Le faomhadh i gcomhair
comhairliúcháin

Márta 2024

Clár an Ábhair

1: RÉAMHRÁ	1
2. RÉASÚNAÍOCHT.....	5
3: AIDHMEANNA.....	8
4: SNÁITHEANNA AGUS GNÉITHE.....	9
5: TORTHAÍ FOGHLAMA.....	12
6. AN CURACLAM FOLLÁINE I GCLEACHTAS.....	38
7. LEAGAN AMACH NA NUIRLISÍ ÚSÁIDE FOLLÁINE AR LÍNE	57
8. GLUAIS	58
AGUISÍN 1: CEANGAIL THAR SHNÁITHEANNA.....	62

1: Réamhrá

Tacaíonn curaclam na bunscoile le foghlaim, teagasc agus measúnú ar ardchaighdeán do gach páiste atá ag freastal ar bhunscoileanna agus ar scoileanna speisialta. Aithníonn *Creatchuraclam na Bunscoile*¹ gur am é an bunoidéachas le ‘bheith’ agus le ‘héiri’ – rud a leagann béim ar an tábhacht a bhaineann le heispéiris do pháistí atá suimiúil, ábhartha, agus atá dúshlánach mar is cuí. Tá sé tábhachtach go mbaineann páistí taitneamh as na heispéiris seo agus go mbraitheann siad cumhachtaithe trí bheith rannpháirteach iontu san am atá i láthair, agus go n-ullmhaítear iad don fhoghlaim sna blianta amach rompu.

Cuimsíonn réimse curaclaim na Folláine dhá ábhar thábhachtacha: Corpoideachas agus Oideachas Sóisialta, Pearsanta agus Sláinte (OSPS). Díríonn na hábhair seo ar fhoghlaim agus ar theagasc faoi ghnéithe éagsúla dár bhfolláine, lena n-áirítear ár bhforbairt fhisiciúil, shóisialta, mhothúcháin agus spioradálta. Tríd an gCorpoideachas, glacann páistí páirt ghníomhach in eispéiris oideachais a chothaíonn forbairt na hinníúlachta gluaiseachta; tuiscint ar na buntáistí a bhaineann le gluaiseacht ina saol; pobal tacaíochta de ghluaiseacht a thógáil; agus iompraíochtaí agus dearcthaí dearfacha a bhunú i leith gluaiseachta a chuirfidh ar chumas stíl mhaireachtála ghníomhach agus shláintiúil a ghlacadh. Cuireann OSPS eolas, scileanna, meonta, dearcthaí agus luachanna luachmhara ar fáil do pháistí a bhaineann lena n-idirghníomhaíochtaí sóisialta, lena bhfolláine phearsanta agus lena n-oideachas sláinte. Trí Chorpoideachas agus OSPS a chomhtháthú laistigh den Churaclam Folláine, bíonn deis ag páistí chun tuiscint iomlánaíoch a fhorbairt ar a bhfolláine agus na huirlisí riachtanacha a fháil chun saol sláintiúil agus sásúil a bheith acu.

Aithníonn an curaclam go gcuireann páistí tús lena dturas oideachais ó bhreith, trí idirghníomhaíochtaí agus eispéiris leis an domhan thart timpeall orthu. I mbunscoileanna agus i scoileanna speisialta, bíonn eispéiris foghlama spráíúla agus shuimiúla ag páistí a thógann ar an eolas, scileanna, meonta, dearcthaí agus luachanna atá sealbhaithe acu sa bhaile agus i suíomhanna réamhscoile trí *Aistear: Creatchuraclam na Luath-óige*². Agus páistí ag dul tríd an mbunscoil agus tríd an scoil speisialta, nascann a bhfoghlaim, agus déanann sí tuilleadh dul chun cinn, trí na heispéiris foghlama sa tSraith Shóisearach³. Tá turas foghlama gach páiste difriúil, agus mar sin tugann an curaclam solúbthacht agus rogha do mhúinteoirí agus do cheannairí scoile agus iad ag tacú le páistí ina bhforbairt iomlánaíoch.

Prionsabail na foghlama, an teagaisc agus an mheasúnaithe

Tá ocht bprionsabal uileghabhálacha mar bhonn faoi agus mar threoir do scoileanna agus iad dírithe ar fhís *Chreatchuraclam na Bunscoile*. Cuireann na prionsabail seo in iúl céard iad na nithe san oideachas bunscoile agus speisialta a gcuirimid luach orthu agus céard atá i gcroílár na foghlama, an teagaisc agus an mheasúnaithe ardchaighdeáin i gcuraclam na bunscoile. Tá na prionsabail leathan chun comhthéacsanna scoile éagsúla agus cúinsí, eispéiris agus cumais

¹ An Roinn Oideachais (2023). *Creatchuraclam na Bunscoile*. Baile Átha Cliath: An Roinn Oideachais. Ar fáil ag <https://www.curriculumonline.ie/Primary/The-Primary-Curriculum-Framework/>

² An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (2009). *Aistear: Creatchuraclam na Luath-Óige*. Baile Átha Cliath: An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta. Ar fáil ag <https://curriculumonline.ie/Early-Childhood/>

³ An Roinn Oideachais agus Scileanna (ROS) (2015). *Creat don tSraith Shóisearach 2015*. Baile Átha Cliath: The Stationery Office. Ar fáil ag: <https://www.gov.ie/ga/foilsuichan/05e2ab-none/>

dhifriúla páistí a chur san áireamh. Léirítear i dTábla 1 sraith samplaí de na prionsabail á gcur i ngníomh laistigh den Churaclam Folláine.

Tábla 1: Prionsabail na foghlama, an teagaisc agus an mheasúnaithe sa *Churaclam Folláine*

Prionsabail na foghlama, an teagaisc agus an mheasúnaithe	Samplaí laistigh den Fholláine
Comhpháirtíochtaí	<ul style="list-style-type: none"> • Ag obair i gcomhar le scoileanna agus tuismitheoirí⁴ chun tacú le folláine na bpáistí • Comhoibriú leis an bpobal áitiúil chun foghlaim scoilbhunaithe a chur chun cinn agus a fheabhsú agus deiseanna a chur ar fáil do pháistí chun braistint pobail agus muintearais a fhorbairt
Timpeallachtaí foghlama	<ul style="list-style-type: none"> • An timpeallacht laistigh agus lasmuigh a úsáid chun tacú le foghlaim na bpáistí • Timpeallachtaí foghlama sábháilte agus uilechuimsitheacha a chruthú, ina mbraitheann páistí sábháilte go fisiciúil agus go mothúchánach
Oideachas ionchuimsitheach agus éagsúlacht	<ul style="list-style-type: none"> • Cultúr a chothú bunaithe ar chearta an duine, daonlathas, cothromas, comhionannas, agus ceartas sóisialta • Dúshlán a chur roimh steiréitíopaí agus míthuiscintí, agus comhbhá, meas, agus tuairimí difriúla a chur chun cinn. • An éagsúlacht atá ann sa seomra ranga agus sa tsochaí i gcoitinne a aithint agus a cheiliúradh
Gníomhú agus rannpháirtíocht	<ul style="list-style-type: none"> • Deiseanna a chur ar fáil, nuair is cuí, chun guth agus rannpháirteachas páiste a chumhachtú trí rogha a dhéanamh maidir le conas agus cad ba cheart a fhoghlaim • Ag aithint agus ag tacú le cearta páistí atá leagtha amach i gCoinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh
Measúnú agus dul chun cinn	<ul style="list-style-type: none"> • Ag tarraingt ar réimse leathan sonraí measúnaithe chun bonn eolais a chur faoi eispéiris foghlama amach anseo, iad a mhúnlú agus a threorú • A chur ar chumas páistí spriocanna a leagan síos agus monatóireacht a dhéanamh ar dhul chun cinn trí phiarmheasúnú agus féinmheasúnú
Aistrithe agus leanúnachas	<ul style="list-style-type: none"> • Ag tógáil ar réamhfhoghlaim, ar fhéinmhúinín agus ar fhéiniúlacht na bpáistí agus iad ag tabhairt faoi eispéiris shaibhre foghlama san Fholláine • Ag tógáil ar bhuneolas, scileanna, meonta, dearcthaí agus luachanna chun tacú leis na páistí agus iad ag aistriú chuig an iar-bhunscoil
Caidrimh	<ul style="list-style-type: none"> • Ag tacú le forbairt scileanna mothúchána agus caidrimh chun caidrimh shláintiúla a chumasú • Caidrimh mheasúla agus chomhbhácha a chothú i leith páistí agus a dteaghlaigh
Oideolaíocht	<ul style="list-style-type: none"> • Úsáid réimse éagsúil oideolaíochtaí a chur chun cinn chun cur ar chumas gach páiste eispéireas foghlama dearfach a bheith acu agus a bhfolláine a fhorbairt.

⁴ Tagraíonn ‘Tuismitheoirí’ do thuismitheoir, caomhnóir nó cúramóir.

Folláine a thuiscint

Cuimsíonn folláine gnéithe éagsúla den fhoghlaim atá ríthábhachtach d'fhorbairt iomlánaíoch páistí. Tríd an gCorpoideachas agus OSPS, forbraíonn an tsonraíocht seo gnéithe fisiciúla, sóisialta, mothúchána agus caidrimh d'fholláine na bpáistí. Agus í léirithe ag tosca amhail a bheith gníomhach, freagrach, nasctha, acmhainneach, go bhfuil gean ort, go bhfuil ardmheas ort, agus eolach, tá aird leanúnach ag teastáil ón bhfolláine agus tá sé le cothú ar feadh an tsaoil.

Is ann d'fholláine nuair a éiríonn le páistí barr a gcumas a bhaint amach, nuair a thugann siad aire dá bhfolláine choirp, má éiríonn leo déileáil le gnáthstrus an tsaoil, agus má mhothaíonn siad go bhfuil braistint cómhuintearais acu le pobal níos leithne.⁵

Aithnítear sa Churaclam Folláine idirnascthacht na folláine pearsanta leis an gcomhthéacs pobail agus sóisialta níos leithne. Aithnítear ann gur féidir le tosca seachtracha amhail gnéithe sóisialta, eacnamaíocha nó cultúrtha tionchar a imirt ar fholláine an duine aonair uaireanta, agus os a choinne sin, go bhféadfadh iompar an duine aonair dul i bhfeidhm ar fholláine chomhchoiteann ar leibhéal áitiúla agus dhomhanda. Léiríonn an tuiscint seo gur féidir le folláine na bpáistí athrú le himeacht ama, ag aithint nach ionann folláine agus easpa struis nó mothúcháin dhiúltacha. Laistigh de phobail scoile, tá ról lárnach ag an gcuraclam maidir le tacú le foghlaim na bpáistí 'faoi' agus 'ar mhaithe le' folláine, timpeallachtaí foghlama uilechuimsitheacha a chothú bunaithe ar chearta an duine, ar chomhionannas agus ar phrionsabail in aghaidh an leithcheala⁶. Cothaíonn an curaclam dearcadh ina mbraitheann páistí gur daoine uathúla iad féin agus daoine eile ach chomh maith leis sin mar bhaill dhílse de phobail agus den tsochaí. Trí thiomantas a spreagadh chun tacú go gníomhach le cothroime agus ionchuimsitheacht, aithníonn an curaclam páistí mar shaoránaigh chumhachtaithe a bhfuil ról gníomhach acu i dtógáil seomraí ranga, scoileanna, pobal agus sochaithe atá cothrom agus ionchuimsitheach.


⁵ An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (CNCM) (2021). *Treoirínte Folláine na Sraithe Sóisearaí*. Baile Átha Cliath: CNCM. Ar fáil ag: https://ncca.ie/media/5062/updated-guidelines-2021_en.pdf

⁶ I gcomhréir le reachtaíocht chomhionannais na hÉireann, cosnaítear daoine aonair ar idirdhealú bunaithe ar fhorais éagsúla: inscne, stádas pósta, stádas teaghlaigh, míchumas, cine, reiligiún, aois, claonadh gnéasach, agus ballraíocht den Lucht Siúil.

Forléargas ar an gCuraclam Folláine

Cuireann na codanna tosaigh den *Dréachtchuraclam Folláine* an Réasúnaíocht na hAidhmeanna, na Snáitheanna agus Gnéithe, agus Torthaí Foghlama i láthair. Cuirtear treoir ar fáil ansin maidir leis an gcuraclam i bhfeidhm, agus úsáid Uirlisí Úsáide Folláine Ar Líne maidir le heispéiris shaibhre foghlama a phleanáil agus a ullmhú. Tá gluais téarmaí curtha leis freisin. Tacóidh Uirlisí Úsáide Folláine leis an *Dréachtchuraclam Folláine*. Beidh réimse tacaíochtaí ann do chur i bhfeidhm an churaclaim, amhail ábhair thacaíochta agus samplaí d'fhoghlaim na bpáistí. Forbrófar é seo nuair a thabharfar an curaclam chun críche.

Fíor 1: Forbhreathnú ar an gCuraclam Folláine agus na hUirlisí Úsáide Ar Líne



2. Réasúnaíocht

Folláine

Tá ionchorprú an *Churaclaim Folláine* sa bhunoideachas riachtanach chun bunús cuimsitheach a thabhairt do pháistí chun saol sásúil a bheith acu agus chun a mbealach a dhéanamh trí dhúshláin chasta shíorathraitheacha an domhain chomhaimseartha. Glacann an curaclam seo cur chuige iomlánaíoch i leith Corpoideachais agus OSPS, ag tabhairt aitheantais do ghnéithe idirnasctha na folláine. Ní hamháin go dtugann sé tuiscint chríochnúil ar fholláine phearsanta agus chomhchoiteann, ach cothaíonn sé tréithe amhail comhbhá, uilechuimsitheacht, braistint pobail, obair foirne, cothroime, agus ceartas sóisialta.

Ag a chroílár, feidhmíonn an *Curaclam Folláine* mar spreagadh ar mhaithe le folláine ar feadh an tsaoil trí scileanna saoil ríthábhachtacha a chomhtháthú, mar shampla: féinfheasacht, sábháilteacht phearsanta, rialáil mhothúcháinach, athléimneacht, comhbhá, gluaiseacht, cinnteoireacht, agus cothú caidrimh sláintiúil. Bunaíonn sé ardán do pháistí le gur féidir leo forbairt mar shaoránaigh rannpháirteacha a aithníonn an tábhacht a bhaineann le stíleanna maireachtála sláintiúla, gníomhacha agus inbhuanaithe a bheith acu.

Tá baint lárnach ag an *gCuraclam Folláine* le tuiscint láidir ar an gceangal a chothú i measc páistí lena scoil, lena bpobal agus leis an tsochaí i gcoitinne. Chun na meonta, na dearcthaí agus na luachanna seo a chothú, caithfidh páistí a dtuiscint eiticíúil ar an domhan a fhorbairt. Spreagtar páistí chun luach a chur ar shaoránacht ghníomhach agus a gcearta agus a bhfreagrachtaí a thuiscint i gcomhthéacsanna scoile, áitiúla agus níos leithne. Cuireann folláine deiseanna struchtúrtha ar fáil do pháistí chun sláinte fhisiciúil agus mhothúcháinach a bhaint amach trína spreagadh do ghníomhaíocht choirp a fheabhsú agus roghanna stíle maireachtála eolasacha agus sláintiúla a éascú. Ina theannta sin, tacaíonn sé le páistí meas a bheith acu ar chaidrimh dhearfacha agus shláintiúla, ag cuimsiú tuiscint chothrom ionchuimsitheach ar ghnéasacht an duine laistigh de chomhthéacs na mothúchán agus na gceangal.

Corpoideachas

Tá ról ríthábhachtach ag Corpoideachas i bhforbairt fhoriomlán páiste, lena n-áirítear a fholláine. Agus an bhéim ann ar an gcorp agus ar eispéiris fhisiciúla, tá seasamh uathúil ag Corpoideachas laistigh de churaclam na scoile, agus é mar aidhm aige stíleanna maireachtála gníomhacha agus sásúla a chur chun cinn i measc páistí anois agus amach anseo. Tugann Corpoideachas tús áite d'fhoghlaim, do rannpháirteachas, do thaitneamh, do dhul chun cinn féin-thagartha, agus do thimpeallacht thacúil a chruthú do gach páiste, thar fheidhmíocht ardleibhéil a gcuirtear béim uirthi i spórt nó i ghníomhaíocht choirp aonair. Dá bhrí sin, ach aitheantas a thabhairt do na difríochtaí idir Corpoideachas, Spórt agus Gníomhaíocht Choirp, is féidir tacú leis na tosaíochtaí seo a bhaint amach laistigh den Chorroideachas⁷.

⁷ Tagraíonn corpoideachas do ghníomhaíochtaí a mhúintear mar chuid den churaclam laistigh den leithdháileadh ama seachtainiúil, áit a bhfuil an bhéim ar fhoghlaim, mar shampla, ag obair ar fhorbairt teicnící agus straitéisí reathaíochta. Tagraíonn spórt do ghníomhaíochtaí seach-churaclaim a eagraítear ar bhealach struchtúrtha agus a dhíríonn ar iomaíocht, mar shampla, iomaíocht i gcomórtas reathaíochta scoile. Is téarma leathan é gníomhaíocht choirp ina ndéantar cur síos ar aon ghluaiseacht choirp a dhéantar chun críoch taitnimh, sláinte nó feabhsaithe feidhmíochta, mar shampla, cuaird reathaíochta den chlós a rith go laethúil.

Cuireann Corpoideachas deiseanna luachmhara ar fáil don fhoghlaim fhisiciúil, in éineacht le foghlaim shóisialta, mhothaitheach agus chognaíoch. Tá an fhoghlaim fhisiciúil i gcroílár an Chorpoideachais agus spreagann sí páistí chun sonas a fháil ón ngluaiseacht agus forbraíonn sí bunscileanna agus coincheapa gluaiseachta ar féidir iad a oiriúnú agus a chur i bhfeidhm thar réimse leathan comhthéacsanna gluaiseachta. Cuireann foghlaim shóisialta sa Chorroideachas ardán ar fáil do pháistí chun feabhas a chur ar a gcaidrimh agus ar a gcumas foghlaim i gcomhar le daoine eile, in éineacht le braistint cothroime a fhorbairt. Tugann foghlaim mhothaitheach cumhacht do pháistí chun spreagadh, muinín, athléimneacht, feasacht mhothúchánach, agus féinaitheantas a fhorbairt i gcomhthéacsanna gluaiseachta. Ar deireadh, cothaíonn foghlaim chognaíoch sa Chorroideachas cruthaitheacht, rud a chuireann ar chumas páistí fadhbanna a réiteach, smaoineamh go straitéiseach, agus cinntí agus roghanna eolasacha a dhéanamh maidir lena ngníomhaíocht choirp féin. Ina theannta sin, bunaíonn Corpoideachas bunús atá oiriúnach ó thaobh na haoise agus na forbartha de do rannpháirteachas na bpáistí faoi láthair agus amach anseo i gcomhthéacsanna éagsúla gluaiseachta, idir ghníomhaíochtaí coirp ar feadh an tsaoil mar chaitheamh aimsire, agus ghníomhaíochtaí spóirt trí réimsí gníomhaíochta an Chorroideachais.

Dá bhrí sin, tá ról tábhachtach ag Corpoideachas, in éineacht leis an teaghlach agus leis an bpobal, maidir le cur le forbairt níos leithne na Litearthachta Fisiciúla. Tá an spreagadh, an mhuinín, an inniúlacht ghluaiseachta, an t-eolas agus an tuiscint ag duine atá liteartha go fisiciúil chun luach a chur ar ghníomhaíocht choirp agus chun dul i mbun gníomhaíocht choirp ar feadh a shaoil. Ar mhaithe lena leithéid a fhíorú, ba cheart go mbeadh eispéiris Chorroideachais fiúntach do gach páiste, ag cuimsiú fócas ar inniúlacht ghluaiseachta, idirghníomhaíocht shóisialta dhearfach, dúshlán cuí, foghlaim atá ábhartha go pearsanta, agus spraoi. Agus é sin á dhéanamh, is féidir le Corpoideachas cumhacht a thabhairt do pháistí chun úinéireacht a ghlacadh maidir le caidrimh dhearfacha phearsanta a thógáil leis an ngluaiseacht anois agus amach anseo.

Oideachas Sóisialta, Pearsanta agus Sláinte (OSPS)

Cothaíonn OSPS eolas, scileanna, meonta, dearcthaí agus luachanna atá ríthábhachtach chun folláine iomlánaíoch na bpáistí a fhorbairt. Cothaíonn sé féinfheasacht, athléimneacht, agus tuiscint dhearfach ar ár nádúr féin. Agus aitheantas á thabhairt do thaipéis shaibhir na gcultúr, na bhféiniúlachtaí, na gcúlraí agus na dteaghlach a léirítear laistigh de sheomraí ranga bunscoile na hÉireann, leagann OSPS béim mhór ar chultúr seomra ranga dearfach, cothaitheach agus ionchuimsitheach a chruthú. Saibhríonn an timpeallacht seo saol agus eispéiris foghlama gach páiste agus cuireann sé ar a gcumas aitheantas a thabhairt dóibh féin agus do dhaoine eile mar dhaoine aonair uathúla a bhfuil meas orthu, a dtugtar aire dóibh, agus a bhfuil ionchur tábhachtach le déanamh acu sa saol.

Cothaíonn OSPS intleacht mhothúchánach i bpáistí, ag tabhairt uirlisí riachtanacha dóibh chun a gcuid braistintí agus mothúchán a thuiscint, a rialáil, agus a chur in iúl, ag glacadh leis an speictream ar fad gan iad a chatagóiriú mar mhothúcháin atá dearfach nó diúltach go docht. Agus athléimneacht mhothúchánach á cothú acu, foghlaimíonn páistí lena mbraistintí agus mothúcháin féin agus braistintí agus mothúcháin daoine eile a aithint, ciall a bhaint astu, agus freagairt go tuisceanach dóibh. Neartaíonn sé seo a gcumas caidrimh thacúla, nasctha agus dhearfacha a chothú agus a chothabháil agus a mbealach a dhéanamh trí dhúshlán amhail easaontas agus coimhlint taobh istigh de chairdeas ar dhóigh mheasúil. Foghlaimíonn páistí freisin tuiscint a fháil

ar ghnéithe idirnasctha na folláine, agus meastóireacht chriticiúil á déanamh acu ar thionchair éagsúla ina saol. Cothaíonn sé dearcadh dearfach, rud a spreagann iad chun freagracht mhéadaitheach a ghlacadh as a bhfolláine agus folláine daoine eile a mheas. Cuireann sé spás sábháilte ar fáil chun spriocanna pearsanta a leagan síos agus machnamh a dhéanamh orthu, cinnteoireacht a chumhachtú, agus páistí a ullmhú chun a mbealach a dhéanamh trí dhúshláin atá ann faoi láthair agus a bheidh ann amach anseo.

Mar ghné chomhtháite de OSPS, tá ról tábhachtach ag Oideachas Caidrimh agus Gnéasachta (OCG) maidir le cuidiú le páistí caidrimh shláintiúla agus thacúla a bhunú agus a chothú leo féin agus le daoine eile. Tacaíonn OCG le páistí faisnéis atá cruinn agus oiriúnach ó thaobh forbartha de a fháil faoi fhorbairt an duine agus faoi ghnéasacht atá bunaithe ar fhianaise. Ina theannta sin, forbraíonn páistí tuiscint ar an tábhacht a bhaineann le cumarsáid éifeachtach, cóimheas, réiteach coinbhleachta, teorainneacha, féinriar colainne, agus coincheap an toilithe laistigh de chaidrimh.

Tá cosaint leanaí ina dlúthchuid de OSPS. Tacaíonn an curaclam le páistí iompar sláintiúil, míshláintiúil agus díobhálach a aithint laistigh de chaidrimh. Tá sé ríthábhachtach go mbeadh eolas ag páistí ar fhreagraí sábháilteachta cuí mar chuid de bhearta cosanta leanaí. Tríd an tuiscint seo a chothú, tugtar chumhacht do pháistí cásanna bulaíochta agus mí-úsáide a aithint, freagairt dóibh agus iad a thuairisciú, ag cur lena bhfolláine agus lena sábháilteacht fhoriomlán agus le folláine agus sábháilteacht daoine eile.

Ar deireadh, trí ghlacadh le cleachtais dhaonlathacha agus trí iniúchadh a dhéanamh ar luachanna, cearta agus freagrachtaí pearsanta agus sochaíocha, tugann OSPS cumhacht do pháistí chun cothromaíocht a aimsiú idir meon pearsanta agus braistint freagrachta sóisialta. Ullmhaíonn sé sin iad le bheith ina saoránaigh ghníomhacha atá ceangailte lena bpobal agus lena sochaí níos leithne.

3: Aidhmeanna

Léirítear i dTábla 2 aidhmeanna an *Churaclaim Folláine*. Agus iad tógtha le chéile, cumhachtaíonn siad gach páiste chun bláthú, anois agus amach anseo, ag cothú a bhfolláine tríd an eolas, na scileanna, na meonta, na dearcthaí agus na luachanna is gá a sholáthar dóibh chun cinntí eolasacha a dhéanamh, agus ag an am céanna tionchar dearfach a imirt ar a bpobail agus ar an domhan. Tacaíonn sé seo le páistí saol sláintiúil, cothrom agus sásúil a bheith acu chomh fada agus is féidir leo. Baineann na haidhmeanna sa chéad sraith den tábla le Folláine, a chuimsíonn Corpoideachas agus OSPS araon. Idir sin agus tráthas, téann na haidhmeanna sa dara sraith i ngleic go heisiach le Corpoideachas, agus díríonn na haidhmeanna sa tríú sraith go sonrach ar OSPS.

Tábla 2: Aidhmeanna an *Churaclaim Folláine*

Tá sé mar aidhm ag an *gCuraclam Folláine*:

- Braistint dhearfach féiniúlachta a chothú, spreagadh intreach a chothú d'fhoghlaim agus d'fholláine ar feadh an tsaoil.
 - Tacú le páistí caidrimh shláintiúla agus an cumas oibriú i gcomhar le daoine eile a chothú.
 - A chur ar chumas páistí braistint láidir sábháilteachta pearsanta a fhorbairt i gcomhthéacsanna éagsúla, an fheasacht seo a leathnú chuig sábháilteacht daoine eile, agus a gcuid scileanna cinnteoireachta a fheabhsú, lena n-áirítear cosaint i gcoinne mí-úsáid páistí agus bulaíochta.
 - Tacú le folláine mhothúcháin na bpáistí trína bhfeasacht, a dtuiscint, a léiriú agus bainistíocht éifeachtach ar bhraistint agus ar mhothúcháin a chothú.
 - Meas ar éagsúlacht a chothú, saoránacht ghníomhach, cearta an duine, cothroime, agus freagracht shóisialta a chur chun cinn chun timpeallachtaí, pobail agus sochaithe foghlama ionchuimsitheacha agus atruacha a chruthú.
 - Teicnící neartaithe athléimneachta a chur chun cinn chun cabhrú le páistí dul i ngleic le strus, dúshlán, deacrachtaí agus athrú.
 - Rannpháirteachas gníomhach sa phobal a spreagadh, ag cur béim ar an tábhacht a bhaineann le braistint muintearais, tabhairt ar ais don phobal, agus cur le folláine daoine eile.
 - A chur ar chumas páistí a mbealach a dhéanamh tríd an domhan digiteach go sábháilte agus go freagrach, ag cothú caidreamh sláintiúil leis an teicneolaíocht agus leis na meáin i gcomhthéacsanna éagsúla.
-
- Eispéiris fhiúntacha Corpoideachais a chur ar fáil do pháistí a bhaineann lena saol agus tacú leo luach a chur ar chaidrimh phearsanta dhearfacha ar feadh an tsaoil agus iad a chothú le gluaiseacht.
 - Cur le forbairt níos leithne na litearthachta fisiciúla ag páistí trí inniúlacht ghluaiseachta, spreagadh agus muinín a chothú, chomh maith le heolas agus tuiscint a chuireann ar chumas duine luach a chur ar ghníomhaíocht choirp agus páirt a ghlacadh inti ar feadh an tsaoil.
 - Eispéireas leathan agus cothrom ar ghníomhaíochtaí Corpoideachais a chur ar fáil do pháistí agus cur ar a gcumas machnamh a dhéanamh ar eispéiris ghluaiseachta phearsanta i gcomhthéacsanna sóisialta éagsúla (timpeallachtaí áineasa, caidreamhacha, iomaíochas) agus timpeallachtaí fisiciúla sa scoil, sa phobal agus níos faide i gcéin (laistigh agus lasmuigh).
-
- Tuiscint chothrom, chuimsitheach, agus oiriúnach ó thaobh aoise agus forbartha de a sholáthar do pháistí ar fhorbairt agus ar ghnéasacht an duine, ag cothú dearcthaí agus caidrimh shláintiúla agus ag an am céanna ag aithint éagsúlacht ghnáth-thaithí an duine.
 - An t-eolas, na scileanna smaointeoireachta criticiúla agus an athléimneacht is gá a thabhairt do pháistí chun cinntí eolasacha agus freagrachta a dhéanamh maidir le húsáid substaintí.

4: Snáitheanna agus Gnéithe

Snáitheanna

Tugtar achoimre sna snáitheanna ar phríomhchatagóirí na foghlama san Fholláine. Is iad na ceithre shnáithe ná Oideachas Gluaiseachta, Oideachas Mothúchánach agus Caidreamhach, Oideachas Sláinte, agus Pobal agus Muintearas (mar atá leagtha amach i bhFíor 2). Tá sraith snáithaonad ag gach snáithe atá leagtha amach i dTábla 3.

Fíor 2: Snáitheanna an Churaclaim Folláine




Tábla 3: Snáithaonaid na Folláine

Oideachas Gluaiseachta	Oideachas Mothúchánach agus Caidreamhach	Oideachas Sláinte	Pobal agus Muintearas
Scileanna gluaiseachta	Féiniúlacht	Spreagadh do mhaireachtáil shláintiúil	Muintearas
Coincheapa gluaiseachta	Feasacht mhothúchánach agus cur in iúl	Úsáid substaintí	Teaghlach
Straitéisí luaile	Caidrimh	Forbairt an duine	Ceartha agus cothroime
Ábharthacht phearsanta	Athléimneacht	Sábháilteacht	Saoránacht
	Cinnteoireacht	Na meáin agus folláine dhigiteach	

Ceangail thar shnáitheanna

I gcéimeanna 1 agus 2, tacaíonn an *Curaclam Folláine* le cur chuige comhtháite i leith na foghlama agus an teagaisc. Aithníonn an cur chuige comhtháite seo aois agus céim forbartha páistí níos óige, agus tugtar níos mó rogha don mhúinteoir i dtaca le heispéiris foghlama shaibhre a ullmhú agus a éascú trí chuir chuige spráíúla tharraingteacha. Chun tacú le múinteoirí ceangail chuí a aithint ar fud Torthaí Foghlama i gcéimeanna 1 agus 2, úsáidtear na siombailí i dTábla 4 in éineacht le Torthaí Foghlama atá ábhartha agus infheidhme maidir le Corpoideachas agus OSPS araon.

Tábla 4: Ceangail Corpoideachais agus OSPS leis an gCuraclam Folláine

	Ábhartha agus infheidhme maidir le comhthéacs Corpoideachais agus OSPS
---	--

Ar fud chéimeanna 1-4, níor cheart go dtuigfí ó struchtúr na snáitheanna den *Churaclam Folláine* go bhfuil staidéar le déanamh ar na snáitheanna/na hábhair uilig ina n-aonar. Nuair is cuí, ba cheart ceangail a dhéanamh idir agus thar na snáitheanna agus na snáithaonaid, agus le réimsí eile curaclaim, le cur lena naisc lena chéile agus lena n-ábharthacht don fhoghlaim. Dá bhrí sin, i gceacht ar leith, d'fhéadfadh múinteoir a bheith ag obair ar roinnt Torthaí Foghlama ag an am céanna. Cé gur iomaí ceangal is féidir a dhéanamh idir snáitheanna, leagann **Aguisín 1** béim ar shampla de na ceangail sin.

Gnéithe

Déanann gnéithe cur síos ar na príomhphróisis a mbíonn páistí ag gabháil dóibh agus iad ag foghlaim san Fholláine, ag cuimsiú Corpoideachais agus OSPS araon. Déantar na próisis sin a rangú ina gceithre ghné: Cumarsáid, Iniúchadh agus cur i bhfeidhm, Machnamh agus tuiscint, agus Gluaiseacht. Tacaíonn na gnéithe sin lenár dtuiscint ar an gcaoi a bhfoghlaímíonn agus a sealbhaíonn páistí eolas, scileanna, meonta, dearcthaí agus luachanna san Fholláine.

Tábla 5: Gnéithe den Churaclam Folláine

Gné	Cur síos
Gné 1: Cumarsáid	I gCorpoideachas agus OSPS, tá cumarsáid inniúil ríthábhachtach, rud a ligeann do pháistí smaointe, braistintí, agus mothúcháin a chur in iúl trí mhodhanna briathartha agus neamhbhriathartha. Leagann timpeallacht foghlama chomhoibritheach béim ar ról na cumarsáide maidir le hobair foirne, scileanna sóisialta agus scileanna mothúcháin a chothú. Úsáideann páistí cineálacha éagsúla féinléirithe, lena n-áirítear gluaiseacht, teanga choirp, gothaí, agus cumarsáid ó bhéal. Tá éisteacht ghníomhach iontach tábhachtach, ag cruthú timpeallacht ina dtugann cumarsáid cumhacht do pháistí chun peirspictíochtaí éagsúla a thuiscint agus luach a chur orthu.
Gné 2: Iniúchadh agus cur i bhfeidhm	Tá iniúchadh gníomhach agus cur i bhfeidhm praiticiúil i gceist le Corpoideachas agus OSPS. Feidhmíonn an iniúchadh mar bhunchloch chun eolas, scileanna, meonta, dearcthaí agus luachanna a chur i bhfeidhm a chuireann le folláine na bpáistí. Sa Chorroideachas, cothaíonn an iniúchadh fiosracht, cruthaitheacht, agus áthas sa ghluaiseacht, rud a fheabhsaíonn inoiriúnaitheacht ar fud comhthéacsanna gluaiseachta éagsúla. Ar an gcaoi chéanna, in OSPS, glacann páistí páirt i bhfoghlaim ghníomhach, i bplé, i ngníomhaíochtaí machnamhacha, agus in iniúchadh ar chásanna chun tuiscint a neartú. Tugann an cur chuige seo cumhacht do pháistí chun scileanna agus eolas sealbhaithe a aistriú go cinnteoireacht phraiticiúil dá dtaithí saoil taobh amuigh den scoil.
Gné 3: Machnamh agus tuiscint	I gCorpoideachas agus OSPS araon, tugann páistí faoi thuiscint chuimsitheach ar eolas, ar scileanna, ar mheonta, ar dhearcthaí agus ar luachanna a thabhtú trí phróisis mhachnamhacha. I gCorpoideachas, cuireann machnamh ar a gcumas brí a bhaint as eispéiris ghluaiseachta roimhe seo agus eispéiris reatha, chun tuiscint a fháil ar ábharthacht phearsanta na gluaiseachta. Tugann an tuiscint seo cumhacht do ghuth an pháiste, cuireann sé bonn eolais faoi eispéiris ghluaiseachta amach anseo, agus cothaíonn sé meon feabhsúchán leanúnach. In OSPS, neartaíonn machnamh an tuiscint ar bhraistintí agus ar mhothúcháin, ar chaidrimh, ar fhás, ar shábháilteacht agus ar choincheapa sláinte, ag cabhrú le cinnteoireacht eolasach, tuiscint léirsteanach lena mbealach a dhéanamh trí chaidrimh, agus cuireann sé le folláine fhoriomlán an pháiste.
Gné 4: Gluaiseacht	Léiríonn eispéiris ghluaiseachta phraiticiúla an príomh-mheán trína bhfoghlaímíonn páistí sa Chorroideachas. Ní hamháin go bhfoghlaímíonn páistí agus iad 'ag' gluaiseacht ach 'trí' ghluaiseacht agus 'faoi' ghluaiseacht freisin. Tarlaíonn foghlaim 'ag' gluaiseacht trí dheiseanna ó thaithí chun a gcuid scileanna a bhaineann le gluaiseacht a fhorbairt, de réir mar a oireann do chumais éagsúla gach páiste. Agus iad ag foghlaim 'trí' ghluaiseacht, faigheann siad agus neartaíonn siad a dtuiscint ar scileanna, coincheapa, meonta, dearcthaí agus luachanna éagsúla. Cuireann foghlaim 'faoi' ghluaiseacht ar chumas páistí eolas agus tuiscint a fhorbairt agus is féidir é seo a threisiú le linn agus tar éis dul i mbun gníomhaíochtaí gluaiseachta.

5: Torthaí Foghlama

Úsáidtear Torthaí Foghlama chun cur síos a dhéanamh ar an bhfoghlaim agus ar an bhforbairt a bhfuil súil leo le haghaidh gach foghlaimeora ag deireadh tréimhse dhá bhliain, nuair a chuirtear cumas na bpáistí agus na cúinsí éagsúla san áireamh. Cuimsíonn Torthaí Foghlama an t-eolas, na scileanna, na meonta, na dearcthaí agus na luachanna a fhorbraíonn páistí laistigh den *Churaclam Folláine*.

Clúdaíonn formhór na dTorthaí Foghlama céim amháin agus déantar cur síos ar an bhfoghlaim agus ar an bhforbairt bheartaithe ag deireadh na céime sin. Tarlaíonn forbairt fhadtéarmach de bharr roinnt foghlama, agus dá bharr sin déantar cur síos ar an bhfoghlaim thar dhá chéim i gcásanna áirithe. Nuair a dhéantar cur síos ar na Torthaí Foghlama thar dhá chéim, úsáideann múinteoirí téamaí agus cuir chuige atá oiriúnach ó thaobh aoise agus forbartha de chun tacú le foghlaim na bpáistí.


Tá ról tábhachtach ag an idirdhealú agus ag breithiúnas an mhúinteora chun tacaíocht a thabhairt do dhul chun cinn gach páiste i dtreo na dTorthaí Foghlama. Agus na prionsabail agus cuir chuige oideolaíochta i *gCreatchuraclam na Bunscoile (An Roinn Oideachais, 2023)* á léiriú, baintear úsáid as an ráiteas '*Trí eispéiris chuí foghlama spraiúla agus tharraingteacha*' chun na Torthaí Foghlama a thabhairt isteach i ngach céim. Leagann an ráiteas Toraidh Foghlama seo béim ar an tábhacht a bhaineann le timpeallacht foghlama a spreagann páistí lena bhfolláine a fhorbairt agus a chuireann eispéiris luachmhara foghlama ar fáil a réitíonn le cuir chuige ábhartha oideolaíochta mar atá leagtha amach i gCaibidil 6, '*An Curaclam Folláine i bhFeidhm*'.

Aithnítear sa churaclam go bhfoghlaimíonn páistí agus go múineann múinteoirí i gcomhthéacsanna éagsúla. Mar sin, bíonn an t-aistear foghlama agus teagaisc éagsúil thar chomhthéacsanna. Aithnítear i gcur chuige Torthaí Foghlama gur fearr atá a fhios ag múinteoirí riachtanais foghlama agus buanna na bpáistí ina rang a shuí. Déanann siad cinntí maidir le céard iad na nithe le múineadh agus le measúnú a dhéanamh orthu agus conas é sin a dhéanamh, ag baint úsáid as na cuir chuige agus uirlisí oideolaíochta cuí. Nuair a roinntear Torthaí Foghlama le páistí, is féidir leo ionchais shoiléire a thabhairt dóibh agus a bheith ina ngníomhaithe gníomhacha ina gcuid foghlama. Beidh réimse uirlisí ar fáil sna hUirlisí Úsáide Folláine Ar líne chun tacú le múinteoirí a bheith ag obair i dtreo na dTorthaí Foghlama i ngach céim. Cuirfear leis na huirlisí sin ar líne sin sna míonna agus sna blianta amach romhainn.

Príomhinniúlachtaí

Cuimsíonn an *Creatchuraclaim Bunscoile* (An Roinn Oideachais, 2023) seacht bpríomhinniúlacht (féach Fíor 3) a fhorluíonn agus a thagann le chéile chun tacú lena fhís. Aithníonn an creat an ról ríthábhachtach atá ag scoileanna maidir le folláine na bpáistí a chur chun cinn agus a chothú tríd an bpríomhinniúlacht 'a bheith folláin' a chuimsiú. Trí aitheantas a thabhairt go dtéann forbairt folláine na bpáistí níos faide ná aon réimse curaclaim ar leith, sonraíonn cuimsiú na príomhinniúlachta, 'a bheith folláin', go roinntear an fhreagracht as folláine a chothú ar fud an churaclaim agus phobal na scoile ar fad. Trí aitheantas a thabhairt don fholláine mar fhreagracht chomhroinnte agus í a chomhtháthú i gcreatlach na scoile trí chur chuige uile-scoile, is féidir le scoileanna timpeallacht a chruthú a chothaíonn forbairt fhoriomlán na bpáistí. Chun folláine na bpáistí a chothú, teastaíonn meascán d'fhoghlaim fhoirmiúil agus neamhfhoirmiúil. Nascann sé go héasca isteach in eispéireas iomlán na scoile, ag baint leas as atmaisféar scoile agus timpeallacht foghlama atá dearfach. Cuireann teacht le chéile na n-eispéireas seo le tuiscint na bpáistí agus le fás pearsanta maidir lena bhfolláine. Mar a léirítear i dTábla 6, tá ról ríthábhachtach ag an *gCuraclam Folláine* freisin i bhforbairt na sé phríomhinniúlacht eile.

Fíor 3: Príomhinniúlachtaí *Chreatchuraclaim* na Bunscoile



Tábla 6: Samplaí de thréithe gach príomhinniúlachta a fhorbraítear trí fhoghlaim san Fholláine

Príomhinniúlacht	Samplaí de thréithe a fhorbraítear trí fhoghlaim san Fholláine
A bheith i do shaoránach gníomhach	<ul style="list-style-type: none"> Braistint cothroime, freagrachta, comhbhá, obair foirne, agus measa a chothú agus meas ar éagsúlacht agus ar phobal a spreagadh ag an am céanna Aitheantas ar chearta agus freagrachtaí a chumasú, an cumas le roghanna eolasacha a dhéanamh a fhorbairt, agus taithí a fháil ar fhoghlaim trí chleachtais dhaonlathacha
A bheith slán	<ul style="list-style-type: none"> Páistí a chumasú le cinntí eolasacha folláine a dhéanamh a thacaíonn le stíleanna maireachtála sláintiúla agus gníomhacha An t-eolas, na scileanna, na meonta, na dearcthaí agus na luachanna a thabhairt do pháistí chun a bhfolláine iomlánaíoch a chothú
A bheith i d'fhoghlaim digiteach	<ul style="list-style-type: none"> Smaointeoireacht chriticiúil a chur chun cinn maidir le húsáid na teicneolaíochta digití i gcomhthéacsanna éagsúla an tsaoil Iompar eiticiúil agus sábháilte ar líne a spreagadh
A bheith matamaiticiúil	<ul style="list-style-type: none"> Sonraí a bhailiú, a léiriú agus a anailísiú Tabhairt faoi chatagóirí agus úsáid teanga matamaitice le linn gníomhaíochtaí gluaiseachta
A bheith i do chumarsáidí agus teanga a úsáid	<ul style="list-style-type: none"> Scileanna cumarsáide éifeachtacha, éisteachta gníomhaí, agus réitigh coinbhleachta a chothú, rud a chuirfidh ar chumas páistí cumarsáid a dhéanamh agus a bheith ag comhoibriú Iníúchadh a dhéanamh ar litearthacht sna meáin lena cumas a mbealach a dhéanamh trí fhaisnéis go criticiúil a fheabhsú
A bheith cruthaitheach	<ul style="list-style-type: none"> Féinléiriú a chumasú trí ghluaiseacht agus cruthaitheacht a chothú agus réiteach fadhbanna a spreagadh ag an am céanna Scileanna machnaimh agus smaointeoireachta criticiúla a chothú
A bheith i d'fhoghlaim gníomhach	<ul style="list-style-type: none"> Foghlaim ghníomhach a chur chun cinn trí eispéiris phraiticiúla agus socrú spriocanna a spreagadh Féinfheasacht, féinrialáil agus smaointeoireacht mhachnamhach a spreagadh

Chun cabhrú leis na múinteoirí na Príomhinniúlachtaí atá leabaithe laistigh de na Torthaí Foghlama a shainaithint, feicfidh tú túslitreacha taobh le gach Toradh Foghlama, mar atá mínithe i dTábla 7.

I ngach cás, sainaithnítear suas le trí phríomhinniúlacht. Ba cheart a lua go dtarlaíonn sé go minic go mbíonn príomhinniúlachtaí eile, taobh amuigh de na trí cinn a sainaithníodh, leabaithe sna Torthaí Foghlama freisin.















Tábla 7: Ceannscríbhinn príomhinniúlachta

Príomhinniúlacht	Túslitir
A bheith slán	S
A bheith i d'fhoghlaimoír digiteach	FD
A bheith matamaiticiúil	M
A bheith i do chumarsáidí agus teanga a úsáid	CT
A bheith cruthaitheach	C
A bheith i d'fhoghlaimoír gníomhach	FG
A bheith i do shaoránach gníomhach	SG















Torthaí Foghlama Folláine do chéimeanna 1 agus 2

Oideachas Gluaiseachta		
Snáithaonad	Céim 1	Céim 2
Trí eispéiris chúí foghlama spráíúla agus tharraingteacha, ba cheart go mbeadh páistí in ann:		
Scileanna gluaiseachta	Réimse bunscileanna seasmhachta, luaile agus láimhsithe gluaiseachta ar thalamh agus ar uisce a fhiosrú i gcomhthéacs. (S, FG)	Réimse bunscileanna seasmhachta, luaile, agus gluaiseachta láimhsithe ar thalamh agus ar uisce a chleachtadh agus a oiriúnú i gcomhthéacs de réir mar a oireann don duine aonair, don tasc agus don suíomh. (S, FG)
Coincheapa gluaiseachta	Iniúchadh a dhéanamh trí ghluaiseacht ar choincheapa na feasachta coirp, feasachta spáis, na dinimice, agus na gcaidreamh le ceol agus gan ceol. (S, FG, C)	Cleachtadh a dhéanamh i gcomhthéacsanna éagsúla gluaiseachta ar na coincheapa a bhaineann le feasacht choirp, feasacht spás, dinimic, agus caidrimh le agus gan ceol. (S, FG, C)
Straitéisí gluaiseachta	<p>Iniúchadh a dhéanamh ar réitigh ghluaiseachta fhéideartha ar ghníomhaíochtaí simplí corpoideachais. (S, FG, C)</p> <p>Iniúchadh a dhéanamh ar bhearta agus straitéisí tosaigh i réimsí gníomhaíochta Corpoideachais éagsúla. (S, FG, C)</p> <p>Iniúchadh a dhéanamh ar bhearta agus straitéisí chun rannpháirtíocht a fheabhsú tríd an dúshlán, tríd an ionchuimsiú agus tríd an idirghníomhú sóisialta is fearr is féidir. (S, FG, CT)</p>	<p>Réitigh ghluaiseachta fhéideartha ar ghníomhaíochtaí corpoideachais a chleachtadh agus a oiriúnú. (S, FG, C)</p> <p>Beartha agus straitéisí i réimsí gníomhaíochta Corpoideachais a chleachtadh agus a oiriúnú. (S, FG, C)</p> <p>Beartha agus straitéisí chun rannpháirtíocht a fheabhsú tríd an dúshlán, tríd an ionchuimsiú agus tríd an idirghníomhú sóisialta is fearr is féidir a chleachtadh agus a oiriúnú. (S, FG, CT)</p>
Ábharthacht phearsanta	Roghanna a dhéanamh maidir le conas agus cad a fhoghlaimíonn siad sa Chorpoideachas laistigh d'fhócas na foghlama nua, machnamh a dhéanamh ar an gcaoi a bhfuil tábhacht lena gcuid foghlama agus a bhféadfadh sí tionchar a imirt ar luach agus ar áit na gluaiseachta ina saol féin. (S, CT, FG)	

Oideachas Mothúcháin agus Caidreamhach



Snáithaonad	Céim 1	Céim 2
Trí eispéiris chuí foghlama spraiúla agus tharraingteacha, ba cheart go mbeadh páistí in ann:		
Féiniúlacht	Braistint mhéadaitheach féinaitheantais agus féinmhuiníne a fhorbairt, ag iniúchadh a gcuid tréithe, inniúlachtaí, buanna agus spéiseanna uathúla, ag aithint cosúlachtaí agus uathúlacht i ndaoine eile.   (S, CT, FG)	
Feasacht mhothúcháin agus cur in iúl	<p>Réimse braistintí agus mothúchán coitianta laistigh díobh féin agus de dhaoine eile a aithint agus a ainmniú i gcomhthéacsanna éagsúla.⁸   (S, CT, FG)</p> <p>Straitéisí a fhiosrú agus a chleachtadh chun braistintí agus mothúcháin a fhéinrialú/a chomhrialú agus a chur in iúl go héifeachtach.   (S, CT, FG)</p> <p>Tús a chur le scileanna comhbhácha a léiriú mar fhreagairt ar phiaraí i gcomhthéacsanna éagsúla.   (S, CT, FG)</p>	<p>A thréine is atá réimse leathan braistintí agus mothúchán laistigh díobh féin agus de dhaoine eile a aithint, a ainmniú, agus a thomhas i gcomhthéacsanna éagsúla.   (S, CT, FG)</p> <p>Scileanna méadaithe a léiriú maidir le braistintí agus mothúcháin a chur in iúl agus a fhéinrialú/a chomhrialú, ag aithint nuair a bhíonn mothúcháin láidre ag géarú.   (S, CT, FG)</p> <p>Scileanna comhbhácha a léiriú mar fhreagairt ar phiaraí nuair is cuí i gcomhthéacsanna éagsúla.   (S, CT, FG)</p>

⁸ Cuimsíonn an téarma "comhthéacsanna éagsúla" réimse cásanna, lena n-áirítear, ach gan a bheith teoranta dóibh, gníomhaíochtaí OSPS bunaithe sa seomra ranga, gníomhaíochtaí Corpoideachais, agus taithí saoil lasmuigh den scoil.

Caidrimh	Caidrimh shláintiúla a bhunú agus a chothabháil, lena n-áirítear cairdeas, agus an cumas oibriú i gcomhar le daoine eile, trí obair foirne, idirghníomhaíochtaí measúla, tuiscint ar thoiliú a léiriú, cumarsáid éifeachtach agus scileanna réitigh coinbhleachta a chleachtadh le tacaíocht.   (S, FG, CT)	
	Iompraíochtaí sláintiúla agus míshláintiúla i gcaidrimh a aithint, cásanna bulaíochta agus mí-úsáide a shainaithint, lena n-áirítear tadhall mí-oiriúnach, a éagóra is atá na hiompraíochtaí seo a thuiscint, agus a bheith ar an eolas faoi na freagraí cuí atá dírithe ar shábháilteacht. (S, CT, FG)	Tuiscint a léiriú ar iompraíochtaí sláintiúla agus míshláintiúla i gcaidrimh, cásanna bulaíochta agus mí-úsáide a shainaithint, lena n-áirítear tadhall mí-oiriúnach, a éagóra is atá na hiompraíochtaí seo a thuiscint, agus na freagraí cuí atá dírithe ar shábháilteacht a chur i bhfeidhm. (S, CT, FG)
Athléimneacht	Cur chuige oscailte agus fiosrach a fhorbairt maidir le dúshláin chuí, a bheith ag féachaint orthu mar dheiseanna chun foghlaim agus forbairt, scileanna chun déileáil le deacrachtaí a thógáil, muinín chun leanúint ar aghaidh, agus an nasc idir iarracht agus dul chun cinn i gcomhthéacsanna éagsúla a aithint.   (S, FG, CT)	Aghaidh a thabhairt ar dhúshláin chuí le hoscailteacht agus fiosracht, a bheith ag féachaint orthu mar dheiseanna chun foghlaim agus forbairt, scileanna chun déileáil le deacrachtaí a thógáil, muinín chun buanseasmhacht a thógáil, agus meas a bheith acu ar an nasc idir iarracht agus dul chun cinn i gcomhthéacsanna éagsúla.   (S, FG, CT)
Cinnteoireacht	<p>Machnamh a dhéanamh ar roghanna laethúla a dhéanann siad féin agus daoine eile i gcomhthéacsanna éagsúla, riosca agus eachtraíocht shláintiúil a bhainistiú, agus feasacht go pointe a léiriú ar thosca a d'fhéadfadh tionchar a imirt ar chinntí nó roghanna.   (S, FG, SG)</p> <p>Le tacaíocht, spriocanna neamhfhoirmiúla gearrthéarmacha simplí a shocrú atá nasctha le foghlaim ranga. Straitéisí simplí chun cabhair a lorg a chleachtadh agus tús a chur le tabhairt faoi mhachnamh féin-tagartha ar dhul chun cinn agus gnóthachtáil.   (S, FG, CT)</p>	<p>Tuiscint ar ghníomhú pearsanta a fhorbairt i gcomhthéacsanna éagsúla, roghanna laethúla a aithint, riosca agus eachtraíocht shláintiúil a bhainistiú, machnamh a dhéanamh ar na tosca a mbíonn tionchar acu ar chinntí, agus aitheantas a thabhairt do ról na freagrachta pearsanta as a bheith rannpháirteach go gníomhach i gcinnteoireacht. </p> <p> (S, FG, SG)</p> <p>Le tacaíocht, spriocanna gearrthéarmacha agus meántéarmacha a leagan síos atá nasctha le foghlaim ranga, gníomhartha a aithint agus cabhair a lorg de réir mar is gá, agus tabhairt faoi mhachnamh féin-tagartha ar dhul chun cinn agus gnóthachtáil.   (S, FG, CT)</p>











Oideachas Sláinte

Snáithaonad	Céim 1	Céim 2
Trí eispéiris chuí foghlama spraiúla agus tharraingteacha, ba cheart go mbeadh páistí in ann:		
Spreagadh do mhaireachtáil shláintiúil	Feasacht a léiriú ar conas a bhfolláine a chothú trí roghanna dearfacha a bhreithniú i réimsí amhail bia, sláinteachas, codladh, scíth, agus gníomhaíocht fhisiciúil fhiúntach.  (S, CT, FG)	Tuiscint a léiriú ar conas a bhfolláine a chothú trí mhachnamh a dhéanamh ar roghanna pearsanta i réimsí amhail bia, sláinteachas, codladh, scíth, agus gníomhaíocht fhisiciúil fhiúntach.  (S, CT, FG)
Úsáid substaintí	Ócáidí a shainaithint ina bhféadfadh cógais a bheith ag teastáil agus substaintí contúirteacha/a d'fhéadfadh a bheith contúirteach ina dtimpeallacht a shainaithint. (S, CT) Eolas a léiriú ar an tábhacht a bhaineann le cead a lorg agus rialacha sábháilteachta a leanúint agus iad ag plé le substaintí agus cógais. (S, CT)	Agus idirdhealú á dhéanamh idir substaintí atá sábháilte nó contúirteach, ócáidí a aithint ina bhféadfadh cógais a bheith ag teastáil agus feidhm na gcógas sin a shainaithint. (S, CT) Eolas a léiriú ar an tábhacht a bhaineann le rialacha sábháilteachta a leanúint nuair a bhítear ag déileáil le substaintí agus cógais, lena n-áirítear aird a thabhairt ar rabhaidh agus cead a lorg ó dhuine fásta. (S, CT)
Forbairt an Duine	Tús a chur le haitheantas a thabhairt do na céimeanna d'fhorbairt an duine agus na cúinsí a spreagann fás, ag tuiscint go dtarlaíonn fás ar rátaí éagsúla do gach duine. (S, CT) Feasacht ar bhreith an duine a fhorbairt agus an cúram agus na cúinsí a theastaíonn ó naíonáin a shainaithint chun cabhrú leo fás agus forbairt. (S, CT) Codanna den chorp a ainmniú ag baint úsáid as téarmaí anatamaíochta cuí, mar shampla péineas, cíocha, pit, faighin, codanna príobháideacha den chorp agus teorainneacha a	Feasacht a léiriú ar an gcaoi a n-athraíonn corp an duine de réir mar a fhásann sé, ag tuiscint go dtarlaíonn fás agus forbairt ar rátaí éagsúla do gach duine, agus machnamh a dhéanamh ar fhás pearsanta. (S, CT) Tús a chur le tuiscint go bhfuil an bhreith, beatha, fás agus bás go léir mar chuid de shaolré an duine. (S, CT) Úsáid téarmaí anatamaíochta cearta do na codanna coirp, ag aithint go bhfuil roinnt codanna den chorp príobháideach, idirdhealú a dhéanamh idir iompar príobháideach agus iompar poiblí agus plé a dhéanamh ar an tábhacht a bhaineann le meas a léiriú ar theorainneacha coirp. (S, CT)



	<p>shainaitint, agus iompar príobháideach agus poiblí cuí a aithint. (S, CT)</p> <p>Na rudaí éagsúla is féidir leis an gcorp a dhéanamh i gcomhthéacsanna gluaiseachta fisiciúla a iniúchadh agus a phlé. (S, FG, CT)</p>	<p>Blaiseadh a fháil agus cur síos a dhéanamh ar na héifeachtaí fisiceacha láithreacha ar an gcorp a bhaineann le bheith gníomhach, mar shampla ráta croí, análú agus teocht. (S, FG, CT)</p>
Sábháilteacht⁹	<p>Tuiscint agus meas a léiriú ar bhunrialacha agus treoirlínte sábháilteachta chun cásanna agus iompraíochtaí atá neamhshábháilte nó baolach a aithint agus a mhaolú, ag tabhairt tosaíochta do chosc timpistí agus do chleachtadh/glacadh le straitéisí sábháilteachta cuí i gcomhthéacsanna éagsúla.   (S, FG, CT)</p>	
Na Meáin agus Folláine Dhigiteach	<p>Plé a dhéanamh ar na meáin éagsúla, lena n-áirítear teicneolaíocht dhigiteach, laistigh dá saol féin agus feasacht a fhorbairt ar thionchar na fógraíochta. (S, FD, CT)</p> <p>Tuiscint a léiriú ar bhunscileanna sábháilteachta digití maidir le húsáid iomchuí agus fhreagrach as teicneolaíochtaí digiteacha, ag aithint a thábhachtaí atá sé cothromas a aimsiú idir gníomhaíochtaí ar líne agus as líne. (S, FD, CT)</p>	<p>Feasacht a fhorbairt a thuilleadh ar nádúr áititheach na meán agus na fógraíochta, agus a bheith in ann foinsí inchreidte faisnéise a shainaitint maidir le folláine. (S, FD, CT)</p> <p>Machnamh a dhéanamh ar úsáid phearsanta na teicneolaíochta digití, cuid de na buntáistí agus na dúshláin a bhaineann le húsáid na teicneolaíochta digití a shainaitint, agus scileanna agus straitéisí sábháilteachta digití a fhorbairt chun úsáid iomchuí agus fhreagrach as teicneolaíochtaí digiteacha a chur chun cinn. (S, FD, CT)</p>



⁹ Tabhair faoi deara go bhféadfadh na nithe seo a leanas a bheith san áireamh, ach gan a bheith teoranta dóibh: sábháilteacht ó dhóiteán; sábháilteacht uisce; sábháilteacht ar bhóithre; sábháilteacht na gréine; úsáid shábháilte trealaimh; sábháilteacht feirme; sábháilteacht ar scoil; sábháilteacht nuair a bhítear ag súgradh, sábháilteacht i gcomhthéacsanna gluaiseachta.

Pobal agus Muintearas

Snáithaonad	Céim 1	Céim 2
Trí eispeiris chuí foghlama spraiúla agus tharraingteacha, ba cheart go mbeadh páistí in ann:		
Muintearas	Taithí a fháil ar mhuintearas laistigh dá rang, scoil agus pobal, éagsúlacht a aithint agus a thuiscint, páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí cultúrtha, aitheantas a thabhairt don ról luachmhar atá ag gach duine, agus straitéisí a ghlacadh chun timpeallacht dhearfach agus ionchuimsitheach a chothú.   (S, SG)	
Teaghlach	Aitheantas a thabhairt d'áit agus d'ionchur duine laistigh dá n-aonad teaghlaigh agus feasacht a léiriú ar éagsúlacht na struchtúr teaghlaigh ¹⁰ , ar an gcaoi a dtugann baill teaghlaigh aire dá chéile, agus ar na róil éagsúla atá ag baill teaghlaigh. (S, FG, SG)	Meas a bheith acu ar uathúlacht a n-aonaid teaghlaigh féin, éagsúlacht na struchtúr teaghlaigh a aithint agus machnamh a dhéanamh ar róil agus ar fhreagrachtaí laistigh dá dteaghlach agus ar an ról atá gach ball leis an tsíocháin a chur chun cinn. (S, FG, SG)
Ceartha agus cothroime	Tús a chur le tuiscint a fhorbairt ar chearta, cothromas, cothroime, cothrom na féinne agus an tábhacht a bhaineann leo.   (S, SG) Samplaí de chothroime ina saol féin a shainaithint agus tús a chur le cothroime a léiriú in idirghníomhaíochtaí agus i ngníomhaíochtaí i gcomhthéacsanna éagsúla.   (S, SG, FG)	Tuiscint a léiriú ar an tábhacht a bhaineann le cearta, cothromas, cothroime, agus cothrom na féinne.   (S, SG) Samplaí de chothroime ina saol féin agus saol daoine eile a shainaithint agus cothroime in idirghníomhaíochtaí agus i ngníomhaíochtaí a léiriú i gcomhthéacsanna éagsúla.   (S, SG, FG)
Saoránacht	Iníúchadh agus plé a dhéanamh ar an gcaoi a gcabhraíonn daoine leo sa bhaile, ar scoil, agus sa phobal, agus tús a chur	Meas a léiriú ar na bealaí éagsúla a gcuidíonn daoine leo sa bhaile, ar scoil agus sa phobal.

¹⁰ Tagraíonn éagsúlacht struchtúr teaghlaigh don réimse bealaí a bhfoirmítear teaghlaigh agus an struchtúr atá acu, amhail teaghlaigh stiúrtha ag máthair/athair, teaghlaigh comhthuismitheoireachta, teaghlaigh aontuismitheora, teaghlaigh chomhghnéis, teaghlaigh sínte, leas-teaghlaigh, teaghlaigh uchtála, teaghlaigh altrama, agus go leor eile.

le freagracht a ghlacadh as tascanna rialta sa bhaile agus ar scoil.   (S, SG, FG)

Bealaí a shainaithint, ina n-aonar agus/nó i dteannta a chéile chun freagracht a ghlacadh agus cur lena seomra ranga, leis an scoil agus lena bpobal.   (S, SG, FG)

Torthaí Foghlama Corpoideachais do chéimeanna 3 agus 4

Oideachas Gluaiseachta – Corpoideachas		
Snáithaonad	Céim 3	Céim 4
Trí eispéiris chuí foghlama spráúla agus tharraingteacha, ba cheart go mbeadh páistí in ann:		
Scileanna gluaiseachta	Réimse bunscoilseanna seasmhachta, luaile, agus gluaiseachta láimhsithe ar thalamh agus ar uisce a bheachtú agus a chur i bhfeidhm i gcomhthéacs de réir mar a oireann don duine aonair, don tasc agus don suíomh. (S, FG)	Réimse scileanna bunúsacha seasmhachta, luaile, agus gluaiseachta láimhsithe ar thalamh agus ar uisce a bheachtú agus a chur i bhfeidhm i gcomhthéacs de réir mar a oireann don duine aonair, don tasc agus don chomhshaol. (S, FG)
Coincheapa gluaiseachta	Beachtú agus cur i bhfeidhm a dhéanamh i gcomhthéacsanna éagsúla gluaiseachta na coincheapa a bhaineann le feasacht choirp, feasacht spáis, dinimic, agus caidrimh le agus gan ceol. (S, FG, C)	Oiriúnú agus cur i bhfeidhm a dhéanamh i gcomhthéacsanna éagsúla gluaiseachta na coincheapa a bhaineann le feasacht choirp, feasacht spáis, dinimic, agus caidrimh le agus gan ceol. (S, FG, C)
Straitéisí gluaiseachta	Réitigh ghluaiseachta fhéideartha ar ghníomhaíochtaí corpoideachais a bheachtú agus a chur i bhfeidhm. (S, FG, C) Bearta agus straitéisí i réimsí gníomhaíochta Corpoideachais éagsúla a chleachtadh agus a bheachtú. (S, FG, C) Straitéisí chun rannpháirtíocht a fheabhsú tríd an dúshlán, tríd an ionchuimsiú agus tríd an idirghníomhú sóisialta is fearr is féidir a chleachtadh agus a oiriúnú. (S, FG, CT)	Réitigh ghluaiseachta fhéideartha a chruthú agus a chur i bhfeidhm ar réimse éagsúil dúshlán i ngníomhaíochtaí corpoideachais agus i suíomhanna feidhmeacha. (S, FG, C) Bearta agus straitéisí a chruthú agus a chur i bhfeidhm i réimsí gníomhaíochta Corpoideachais éagsúla. (S, FG, C) Straitéisí a chruthú agus a chur i bhfeidhm chun rannpháirteachas a fheabhsú tríd an dúshlán, tríd an ionchuimsiú agus tríd an idirghníomhú sóisialta is fearr is féidir. (S, FG, CT)

**Ábharthacht
phearsanta**

Dearcthaí a roinnt agus roghanna a dhéanamh maidir le conas agus cad a fhoghlaimíonn siad sa Chorpoidéachas, laistigh d'fhócas na foghlama nua, agus machnamh a dhéanamh ar conas is féidir a gcuid foghlama sa Chorpoidéachas a chur i bhfeidhm chun tionchar dearfach a imirt ar a gcuidreamh phearsanta atá ag teacht chun cinn leis an ngluaiseacht (S, CT, FG)

Oideachas Mothúcháin agus Caidreamhach – Corpoideachas

Snáithaonad	Céim 3	Céim 4
Trí eispéiris chuí foghlama spraiúla agus tharraingteacha, ba cheart go mbeadh páistí in ann:		
Feasacht mhothúcháin agus cur in iúl	<p>Déan cur síos agus iniúchadh ar réimse braistintí agus mothúchán roimh, le linn, agus tar éis gluaiseachta. (S, CT, FG)</p> <p>Aitheantas a thabhairt do thionchar mothúcháin duine air féin agus ar dhaoine eile i gcomhthéacsanna gluaiseachta agus straitéisí féinrialaithe a chleachtadh chun a gceart a thabhairt do fhreagairtí mothúcháin láidre. (S, CT, FG)</p>	<p>Déan cur síos agus aitheantas a thabhairt ar thionchar na gluaiseachta ar bhraistintí agus mothúcháin duine, ar thionchar na mbraistintí air féin agus ar dhaoine eile i gcomhthéacsanna gluaiseachta, agus úsáid a bhaint as straitéisí féinrialaithe chun a gceart a thabhairt do fhreagairtí mothúcháin láidre. (S, CT, FG)</p>
Caidrimh	<p>Cleachtadh a dhéanamh, trí rannpháirteachas, ar príomhghnéithe na hoibre foirne agus an chomhoibrithe sa Chorpoideachas, ag aithint a thábhachtaí atá siad don Chorpoideachas, do ghníomhaíochtaí coirp agus don spórt. (S, SG, FG)</p>	<p>Príomhghnéithe na hoibre foirne agus an chomhoibrithe sa Chorpoideachas a chuimsiú, trí rannpháirteachas, agus meas a bheith acu ar a dtábhacht don Chorpoideachas, do ghníomhaíochtaí fisiciúla agus do spóirt. (S, SG, FG)</p>
Athléimneacht	<p>Tiomantas agus muinín a léiriú chun leanúint ar aghaidh le cúraimí atá dúshlánach go cuí ag baint úsáid as straitéisí ábhartha agus machnamh a dhéanamh ar an nasc idir iarracht, feabhas, agus n-athléimneacht féin i gcomhthéacsanna gluaiseachta. (S, FG, CT)</p>	
Cinnteoireacht	<p>Le tacaíocht, próiseas agus spriocanna oscailte a shocrú mar chuid d'fhoireann agus go haonarach, nasctha le fócas an ranga, ag aithint gníomhartha agus cabhair atá ag teastáil, agus tabhairt faoi mhachnamh féin-tagartha ar dhul chun cinn agus gnóthachtáil as a dtiocfaidh straitéisí coigeartaithe. (S, FG, CT)</p>	<p>Próiseas agus spriocanna oscailte a shocrú mar chuid d'fhoireann agus nasctha go haonarach le fócas an ranga, chomh maith lena saol gníomhaíochta coirp níos leithne, cabhair a aimsiú má theastaíonn, gníomhartha a chur i bhfeidhm le haghaidh feabhsúcháin agus tabhairt faoi mhachnamh féin-tagartha ar dhul chun cinn agus gnóthachtáil as a dtiocfaidh straitéisí coigeartaithe. (S, FG, CT)</p>

Oideachas Sláinte – Corpoideachas

Snáithaonad	Céim 3	Céim 4
<i>Trí eispéiris chuí foghlama spraiúla agus tharraingteacha, ba cheart go mbeadh páistí in ann:</i>		
Forbairt an duine	Blaiseadh a fháil, míniú a dhéanamh, agus monatóireacht a dhéanamh ar na héifeachtaí fisiceacha ar an gcorp a bhaineann le bheith gníomhach, mar shampla athruithe ar ráta croí, análú agus teocht, solúbthacht agus comhordú. (S, FG, CT)	Taithí a fháil ar thionchar cineálacha éagsúla gluaiseachta ar fhorbairt fhisiceach duine i réimsí amhail neart matáin, seasmhacht chardashoithíoch, solúbthacht agus comhordú agus an tionchar sin a shainaithint. (S, FG, CT)
Sábháilteacht	Tuiscint a fháil ar thábhacht na gceisteanna sábháilteachta i gcomhthéacsanna gluaiseachta. Gníomhaíochtaí a mheas agus, de réir mar is gá, a oiriúnú chun sábháilteacht na rannpháirtithe go léir a chinntiú. (S, FG, CT)	
Na meáin agus folláine dhigiteach	<p>Machnamh a dhéanamh ar an gcaoi a bhféadfadh na meáin agus grúpaí nach iad steiréitíopaí míchearta d'íomhá agus gníomhaíochtaí coirp a léiriú i gcomhthéacsanna Corpoideachais, gníomhaíochta coirp agus spóirt. (S, FD, SG)</p> <p>Cur síos a dhéanamh ar chuid de na buntáistí agus na míbhuntáistí a bhaineann le húsáid teicneolaíochta (m.sh. gléasanna, aipeanna) i suíomhanna gluaiseachta. (S, FD, CT)</p> <p>Iníúchadh a dhéanamh, trí eispéiris phraiticiúla, ar conas is féidir teicneolaíocht dhigiteach a úsáid chun gluaiseacht a fheabhsú agus machnamh a dhéanamh ar ghníomhaíocht choirp ar bhealach atá ábhartha go pearsanta. (S, FD, FG)</p>	<p>Machnamh criticiúil a dhéanamh ar an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag steiréitíopaí d'íomhá choirp agus gníomhaíochtaí i gcomhthéacsanna corpoideachais, gníomhaíochta coirp agus spóirt ar a bhfolláine. (S, FD, SG)</p> <p>Idirdhealú a dhéanamh idir úsáid shláintiúil agus mhíshláintiúil na teicneolaíochta digití (m.sh. teicneolaíocht inchaite, aipeanna, na meáin shóisialta) i suíomhanna gluaiseachta. (S, FD, CT)</p> <p>Measúnú a dhéanamh, trí eispéiris phraiticiúla, ar conas is féidir teicneolaíocht dhigiteach a úsáid chun gluaiseacht a fheabhsú agus machnamh a dhéanamh ar ghníomhaíocht choirp ar bhealach atá ábhartha go pearsanta. (S, FD, FG)</p>

Pobal agus Muintearas – Corpoideachas

Snáithaonad	Céim 3	Céim 4
Trí eispéiris chuí foghlama spráíúla agus tharraingteacha, ba cheart go mbeadh páistí in ann:		
Muintearas	<p>Áiteanna agus daoine ina gceantar a shainaithint lenar féidir leo a bheith gníomhach agus a bheith páirteach i bpobal gníomhach agus cur síos a dhéanamh ar spéiseanna agus buanna a bhaineann le gluaiseacht atá fiúntach go pearsanta. (S, CT, FG)</p> <p>Tabhairt faoi ghníomhaíochtaí coirp/spóirt óna gcultúir féin agus ó chultúir eile agus cur síos a dhéanamh ar thábhacht na ngníomhaíochtaí spóirt cultúrtha don phobal agus don mhuintearas. (S, CT, FG)</p>	<p>Aitheantas a thabhairt agus freagracht a ghlacadh as cathain, cá háit, conas, agus cé leis ar féidir leo a bheith gníomhach ina bpobal agus cur síos a dhéanamh ar spéiseanna agus buanna a bhaineann le gluaiseacht atá fiúntach go pearsanta. (S, SG, CT)</p> <p>Tabhairt faoi ghníomhaíochtaí coirp/spóirt óna gcultúir féin agus ó chultúir eile agus meastóireacht a dhéanamh ar thábhacht na ngníomhaíochtaí spóirt cultúrtha don phobal agus don mhuintearas. (S, CT, FG)</p>
Ceartha agus cothroime	Príomhghnéithe de chothrom na féinne a chleachtadh, trí rannpháirteachas, agus a thábhacht maidir le rannpháirteachas, rialacha agus béasaíocht i ngníomhaíochtaí coirp agus/nó spóirt a aithint. (S, SG, FG)	Príomhghnéithe de chothrom na féinne a chuimsiú, trí rannpháirteachas, agus meas a léiriú ar a thábhacht maidir le rannpháirteachas, rialacha agus béasaíocht i ngníomhaíochtaí coirp agus/nó spóirt. (S, SG, FG)
Saoránacht	Cur síos a dhéanamh, cleachtadh agus, le tacaíocht, freagracht a ghlacadh as róil éagsúla a chuireann le gníomhaíocht choirp daoine eile (m.sh. cóitseálaí, captaen, réiteoir, cóiréagrafaí, etc.) agus imeachtaí gníomhaíochta coirp a eagrú (m.sh. oiliúint, comórtais, féilte) i gCorpoideachas. (S, SG, FG)	Freagracht a ghlacadh as róil éagsúla a chuireann le gníomhaíocht choirp daoine eile (m.sh. cóitseálaí, captaen, réiteoir, cóiréagrafaí, etc.) agus imeachtaí gníomhaíochta coirp a eagrú (m.sh. oiliúint, comórtais, féilte) i gCorpoideachas. (S, SG, FG)

Torthaí Foghlama Oideachais Shóisialta, Phearsanta agus Sláinte do chéimeanna 3 agus 4

Oideachas Mothúchánach agus Caidreamhach – OSPS		
Snáithaonad	Céim 3	Céim 4
Trí eispéiris chuí foghlama spraiúla agus tharraingteacha, ba cheart go mbeadh páistí in ann:		
Féiniúlacht	<p>Féinfheasacht agus féinmhuinín atá ag méadú a léiriú, ag aithint agus ag glacadh lena dtréithe uathúla, agus ag an am céanna glacadh agus meas ar an uathúlacht i ndaoine eile a léiriú. (S, CT, FG)</p> <p>Feasacht a léiriú ar na tosca a d'fhéadfadh cur lena bhféiniómhá, féinmhuinín, agus le braistint féiniúlachta atá ag teacht chun cinn agus bealaí a shainaitheint chun braistint dhearfach féinmhuiníne a chothú. (S, CT, FG)</p>	<p>Aitheantas, luach agus meas a thabhairt dá dtréithe uathúla, braistint mhuiníneach, dhearfach dóibh féin a chothú, agus glacadh, meas agus comhbhá a léiriú i leith na héagsúlachta i ndaoine eile, ag cothú ionchuimsiú. (S, CT, FG)</p> <p>Tuiscint atá ag neartú a léiriú ar na tosca ar féidir leo tionchar a imirt ar a bhféiniómhá, ar a bhféinmheas agus ar a mbraistint féiniúlachta agus bealaí a chleachtadh chun tuiscint dhearfach ar fhéinmhuinín a chothú. (S, CT, FG)</p>
Feasacht mhothúchánach agus cur in iúl	<p>Feasacht ar fhreagraí mothúchánacha pearsanta a léiriú, machnamh a dhéanamh ar thionchair ar bhraistintí agus mothúcháin agus iniúchadh a dhéanamh ar conas is féidir le mothúcháin dul i bhfeidhm ar shaol duine. (S, CT, FG)</p> <p>Tabhairt faoi straitéisí éagsúla chun a gcuid mothúchán a bhainistiú go héifeachtach, lena n-áirítear mothúcháin láidre, agus a bheith eolach cathain na straitéisí a chur i bhfeidhm. (S, CT, FG)</p> <p>Freagraí mothúchánacha éagsúla a aithint i ndaoine eile agus comhbhá agus tacaíocht a léiriú do phiaraí atá ag déileáil le cásanna dúshlánacha nuair is cuí. (S, CT, FG)</p>	<p>Féinmhachnamh a dhéanamh chun feasacht a neartú i bhfreagairtí mothúchánacha pearsanta, ag déanamh machnamh ar thionchair agus tús a chur le patrúin a aithint mar aon leis an nasc idir smaointe, mothúcháin agus iompraíochtaí, agus meas a bheith ann ar an tairbhe a bhaineann le cumarsáid a dhéanamh faoi bhraistintí agus mothúcháin. (S, CT, FG)</p> <p>Réimse teicnící agus straitéisí rialacháin mhothúchánaigh a chur i bhfeidhm chun mothúcháin a bhainistiú agus a chur in iúl ar bhealach sláintiúil agus oiriúnach, lena n-áirítear iad siúd a d'fhéadfadh a bheith deacair a chur in iúl, mar shampla áthas, gruaim, fearg, frustrachas. (S, CT, FG)</p>

		<p>Scileanna comhbhácha a chur i bhfeidhm chun tacaíocht a chur ar fáil do phiaraí a bhfuil dúshlán mhothúchána rompu, nuair is cuí. (S, CT, FG)</p> <p>Aitheantas a thabhairt do na caidrimh éagsúla ina mbíonn grá, mar shampla cairdeas, siblíni, caidrimh teaghlaigh agus rómánsúla. (S, SG, FG)</p>
Caidrimh	<p>Aitheantas a thabhairt don tábhacht a bhaineann le príomhghnéithe de chaidrimh shláintiúla amhail toiliú, cumarsáid éifeachtach, cóimheas, muinín agus, iad a aithint. (S, CT, FG)</p> <p>Cumas méadaitheach a léiriú chun déileáil le caidrimh atá ag athrú, lena n-áirítear cairdeas, straitéisí a chleachtadh lena mbealach a dhéanamh trí thionchar ó phiaraí, idir dhearfach agus dhiúltach, easaontas, agus coinbhleacht. (S, CT, FG)</p> <p>Idirdhealú a dhéanamh idir iompraíochtaí sláintiúla agus míshláintiúla i gcaidrimh, cásanna bulaíochta agus mí-úsáide a aithint, lena n-áirítear tadhall mí-oiriúnach, a éagóra is atá na hiompraíochtaí seo a thuiscint, agus na freagraí cuí atá dírithe ar shábháilteacht a chur i bhfeidhm. (S, SG, CT)</p>	<p>Meas a léiriú ar an luach atá le caidrimh shláintiúla agus an gá atá leo agus meastóireacht a dhéanamh ar phríomhghnéithe de chaidrimh shláintiúla amhail toiliú, cumarsáid éifeachtach, éirim mhothúchána, cóimheas, muinín agus comhréiteach. (S, CT, FG)</p> <p>An cumas a léiriú le caidrimh atá ag athrú a bhainistiú i gcásanna sóisialta éagsúla, lena n-áirítear cairdeas, trí straitéisí a ghlacadh lena mbealach a dhéanamh trí thionchar sóisialta agus freagairt go cuiditheach do choinbhleachtaí idirphearsanta. (S, CT, FG)</p> <p>Iompraíochtaí míshláintiúla agus díobhálacha i gcaidrimh a aithint, cásanna bulaíochta agus mí-úsáide a aithint, lena n-áirítear tadhall mí-oiriúnach, a éagóra is atá na hiompraíochtaí seo a thuiscint, agus na freagraí cuí atá dírithe ar shábháilteacht a chur i bhfeidhm go muinéach. (S, SG, CT)</p>
Athléimneacht	<p>Glacadh leis agus leanúint ar aghaidh leis an dúshlán cuí, ag léiriú tuiscint ar scileanna oiriúnaitheacha a d'fhéadfadh tacú le hathléimneacht, agus tacaíocht a lorg nuair is gá. (S, FG, CT)</p>	
Cinnteoireacht	<p>Tuiscint mhéadaitheach ar ghníomhú pearsanta a léiriú, an iliomad tionchar ar chinnteoireacht a thuiscint, straitéisí simplí a chleachtadh, iarmhairtí gearrthéarmacha agus</p>	<p>Tuiscint níos doimhne ar ghníomhú pearsanta a léiriú, tionchair ar chinnteoireacht a mheas, straitéisí a ghlacadh chun roghanna eolasacha a dhéanamh, iarmhairtí</p>

fadtéarmacha a mheas, agus ról na freagrachta pearsanta a aithint. (S, FG, CT)

Spriocanna gearrthéarmacha agus meántéarmacha a leagan síos, go haonarach agus/nó mar chuid de ghrúpa, gníomhartha agus tacaíocht a theastaíonn a shainaithint, machnamh a dhéanamh ar dhul chun cinn, gnóhachtáil agus aiseolas cuiditheach, agus pleananna a oiriúnú más gá. (S, FG, CT)

gearrthéarmacha agus fadtéarmacha a mheas, gníomhaíochtaí a rinneadh a mheas, agus ról na freagrachta pearsanta a thuiscint. (S, FG, CT)

Spriocanna a leagan síos a mbeidh iarracht agus tiomantas leanúnach ag teastáil uathu, go haonarach agus/nó mar chuid de ghrúpa, gníomhartha agus tacaíochtaí a theastaíonn a shainaithint, machnamh a dhéanamh ar dhul chun cinn, gnóhachtáil agus aiseolas cuiditheach, agus pleananna a oiriúnú más gá, rud a léiríonn go bhfuiltear toilteanach oibriú i dtreo éachtaí fadtéarmacha. (S, FG, CT)

Oideachas Sláinte – OSPS

Snáithaonad	Céim 3	Céim 4
Trí eispéiris chuí foghlama spraiúla agus tharraingteacha, ba cheart go mbeadh páistí in ann:		
Spregadh do mhaireachtáil shláintiúil	Léiriú go bhfuil siad toilteanach roghanna dearfacha a dhéanamh maidir lena bhfolláine a chothú i réimsí amhail bia, sláinteachas, codladh, sos agus scíth, agus gníomhaíocht fhisiciúil fhiúntach, ag aithint riachtanais athraitheacha de réir mar a fhásann siad agus an tábhacht a bhaineann le stíl mhaireachtála chothrom. (S, CT, FG)	Dearcadh agus spreagadh dearfach a léiriú chun a bhfolláine a chothú trí roghanna dearfacha i réimsí amhail bia, sláinteachas, codladh, sos agus scíth, agus gníomhaíocht fhisiciúil fhiúntach, ag léiriú léirthuisct ar an tábhacht a bhaineann le stíl mhaireachtála chothrom, agus ag aithint riachtanais a athróidh de réir mar a fhásann siad. (S, CT, FG)
Mí-úsáid substaintí a chosc	<p>Irdirdhealú a dhéanamh idir substaintí, atá cabhrach/díobhálach agus dleathach/mídhleathach agus a bhfuil fios ann faoina n-éifeachtaí ar an gcorp, amhail galtoitíní, tobac, alcól agus drugaí/cógais eile (S, CT)</p> <p>Na cúiseanna a bhféadfadh daoine galtoitíní, tobac, alcól nó drugaí a úsáid a shainiú, agus straitéisí a mholadh agus a chleachtadh chun déileáil le brúnna chun substaintí a úsáid nó a mhí-úsáid. (S, CT, FG)</p>	<p>Measúnú a dhéanamh ar na cúiseanna a n-úsáidtear substaintí agus/nó a mbaintear mí-úsáid astu, amhail galtoitíní, tobac, alcól agus drugaí eile. (S, CT)</p> <p>Tuiscint a fháil ar na fachtóirí riosca a bhaineann le mí-úsáid substaintí, agus an ról atá ag rogha agus freagracht phearsanta, chun tacú leo cinntí eolasacha a dhéanamh agus straitéisí a chleachtadh chun déileáil le brúnna chun substaintí a úsáid nó a mhí-úsáid. (S, CT, FG)</p>
Forbairt an duine	<p>Tuiscint mhéadaitheach a léiriú ar na hathruithe fisiciúla, sóisialta agus mothúchána a tharlaíonn i rith an chaithreachais. (S, CT, FG)</p> <p>Tuiscint atá ag méadú ar shaolré an duine a léiriú trí chéimeanna agus seicheamh forbartha an pháiste a aithint ó choimpeart chomh fada leis an mbreith, agus cur síos a dhéanamh ar na hathruithe a tharlaíonn do chorp mná i rith toirchis. (S, CT, FG)</p> <p>Plé a dhéanamh ar an tábhacht a bhaineann le dearcadh dearfach a ghlacadh maidir lena gcoirp atá ag athrú, ag aithint</p>	<p>Tuiscint níos doimhne ar shaolré an duine a léiriú trí fheidhm orgán atáirgthe inmheánach agus seachtrach a ainmniú agus a shainiú, agus caidreamh collaí, coimpeart agus breith a thuiscint. (S, CT, FG)</p> <p>A aithint go bhfuiltear ag súil le héagsúlachtaí aonair i bhfás agus i bhforbairt, ag aithint go léiríonn athruithe hormónacha</p>

	<p>go bhfuiltear ag súil le héagsúlachtaí aonair i bhfás agus i bhforbairt, agus duine fásta iontaofa a shainaithint ónar féidir leo tacaíocht a lorg. (S, CT, FG)</p>	<p>i rith an chaithreachais athrú ar an gcumas atáirgthe atá ag duine. (S, CT, FG)</p> <p>Aitheantas a thabhairt don tábhacht a bhaineann le dearcadh dearfach a ghlacadh i leith a gcorp athraitheach agus a gcóras tacaíochta i rith an chaithreachais, lena n-áirítear foinsí inchreidte faisnéise agus tacaíocht a lorg ó dhuine fásta iontaofa. (S, CT, FG)</p>
Sábháilteacht	<p>Aird a bheith acu ar thábhacht na rialacha agus na dtreoirínte sábháilteachta, an cumas chun riosca a mheas, cásanna agus iompraíochtaí neamhshábháilte a shainaithint agus a mhaolú, agus straitéisí sábháilteachta cuí a chleachtadh/a ghlacadh le muinín a mhéadú, freagracht phearsanta a mhéadú agus iad ag teacht in aibíocht agus dearcadh freagrach a léiriú i leith timpistí a chosc. (S, FG, CT)</p>	
Na meáin agus folláine dhigiteach	<p>Tuiscint a léiriú ar chuspóir agus ar nádúr áititheach na meán. (S, FD, CT)</p> <p>Samplaí de steiréitíopaí agus de chlaontachtaí a aithint agus breithiúnais a thabhairt maidir lena iontaofa agus a inchreidte is atá na foinsí faisnéise. (S, FD, CT)</p> <p>Tuiscint a fháil ar an ngá atá le húsáid shábháilte agus fhreagrach teicneolaíochtaí digiteacha mar chuid de stíl mhaireachtála chothrom, breithniú a dhéanamh ar bhealaí ar féidir le teicneolaíochtaí digiteacha tionchar dearfach agus diúltach a imirt ar a bhfolláine, agus straitéisí a ghlacadh chun tacú le húsáid shábháilte agus fhreagrach. (S, FD, CT)</p>	<p>Critíc a dhéanamh ar thopaicí agus ar shaincheisteanna sna meáin, ag aithint samplaí de steiréitíopaí agus claontachtaí, agus a shainaithint conas a dhéanamh amach go bhfuil faisnéis iontaofa. (S, FD, CT)</p> <p>Na buntáistí agus na dúshláin a bhaineann le húsáid na teicneolaíochta digití agus ról agus tionchar na meán, lena n-áirítear na meáin shóisialta, ina saol a mheas. (S, FD, CT)</p> <p>Straitéisí a mholadh agus a chur chun feidhme chun úsáid shábháilte agus fhreagrach teicneolaíochtaí digiteacha a chur chun cinn, ag aithint freagracht phearsanta agus phobail chun timpeallacht dhigiteach dhearfach, mheasúil agus níos sábháilte a chur chun cinn, agus eolas a bheith acu ar bhealaí sábháilte chun iompraíochtaí nó ábhar míchuí nó díobhálach a thuairisciú. (S, FD, CT)</p>

Pobal agus Muintearas – OSPS

Snáithaonad	Céim 3	Céim 4
Trí eispéiris chuí foghlama spraiúla agus tharraingteacha, ba cheart go mbeadh páistí in ann:		
Muintearas	Aitheantas a thabhairt do bhealaí ar féidir le cleachtais agus imeachtaí ranga, scoile agus pobail tacú le braistint muintearais na bpáistí, agus cur le timpeallacht dhearfach agus ionchuimsitheach a fhorbairt. (S, SG, FG)	Meas a bheith acu ar an ról suntasach atá ag gach duine chun braistint muintearais a chothú laistigh dá rang, scoil, pobal agus straitéisí a ghlacadh chun timpeallacht dhearfach agus ionchuimsitheach a chur chun cinn do chách ar bhonn aonarach nó mar ghrúpa. (S, SG, FG)
Teaghlach	<p>Aitheantas a thabhairt do na bealaí ar féidir le teaghlaigh cur le luachanna pearsanta, cinntí agus braistint féiniúlachta. (S, FG, SG)</p> <p>Tuiscint a fhorbairt go bhfuil teaghlaigh struchtúrtha ar bhealaí éagsúla¹¹, feasacht a léiriú ar na tionchair éagsúla a d'fhéadfadh dul i bhfeidhm ar theaghlaigh, amhail athrú, bás, méala, tinneas, agus steiréitíopaí, agus iniúchadh a dhéanamh ar bhealaí ar féidir le baill teaghlaigh comhionannas inscne a chur chun cinn trí róil agus freagrachtaí. (S, FG, SG)</p>	<p>Feasacht a léiriú ar an gcaoi ar féidir le noirm shóisialta agus chultúrtha tionchar a imirt ar shaol an teaghlaigh, ar an gcaoi ar athraigh na nithe sin le himeacht aimsire, agus machnamh criticiúil a dhéanamh ar léiriú na meán ar theaghlaigh agus ar shaol an teaghlaigh. (S, FG, SG)</p> <p>Saintréithe de shaol sláintiúil an teaghlaigh a phlé, freagrachtaí nua is féidir leo a ghlacadh a shainaithint, a thuiscint go n-athraíonn róil agus freagrachtaí de réir mar a fhásann siad, agus straitéisí a fhorbairt chun coinbhleachtaí agus míthuiscintí a d'fhéadfadh tarlú i dteaghlaigh a bhainistiú, go háirithe i rith an chaithreachais. (S, FG, SG)</p>
Ceartha agus cothroime	Déan cur síos ar an tábhacht a bhaineann le ceartha, cothroime, cothromas, agus comhionannas. (S, CT, FG)	Meas a bheith acu ar an tábhacht a bhaineann le ceartha, cothroime, ceartas, cothromas, agus comhionannas, agus plé a dhéanamh ar na naoi bhforas faoina dtoirmiscear idirdhealú in Éirinn. (S, CT, FG)

¹¹ Tagraíonn éagsúlacht struchtúr teaghlaigh don réimse bealaí a bhfoirmítear teaghlaigh agus an struchtúr atá acu, amhail teaghlaigh stiúrtha ag máthair/athair, teaghlaigh comhthuismitheoireachta, teaghlaigh aontuismitheora, teaghlaigh chomhghnéis, teaghlaigh sínte, leas-teaghlaigh, teaghlaigh uchtála, teaghlaigh altrama, agus go leor eile.

	Samplaí d'éagothroime agus de leithcheal aithint agus freagairtí agus gníomhartha cuí a iniúchadh chun seasamh suas duit féin agus do dhaoine eile. (S, CT, FG)	Cásanna éagothroime agus idirdhealaithe a scrúdú, daoine nó eagraíochtaí a chuireann cearta an duine chun cinn a iniúchadh, agus freagraí agus gníomhartha cuí a mholadh chun agóid a dhéanamh i gcoinne an idirdhealaithe agus an ceartas sóisialta a chur chun cinn. (S, CT, FG)
Saoránacht	<p>Páirt a ghlacadh i gcleachtais dhaonlathacha, ag léiriú meas ar dhearcthaí agus ar thuairimí éagsúla.</p> <p>Bealaí dearfacha a gcuireann daoine agus grúpaí leis an bpobal a aithint, agus aird a bheith acu gur féidir le gach duine freagracht a ghlacadh agus cur le pobal dearfach agus uilechuimsitheach. (S, SG, FG)</p>	<p>Tabhairt faoi chleachtais dhaonlathacha go gníomhach, páirt a ghlacadh i bplé, tuiscint a fháil ar dhearcthaí éagsúla, agus bealach a dhéanamh trí thuairimí éagsúla go measúil.</p> <p>Tuiscint a léiriú ar na buntáistí a bhaineann le rannpháirteachas gníomhach sa phobal, saincheisteanna áitiúla/níos leithne ar údar imní iad a aithint agus bealaí a fhiosrú chun gníomhú ar mhaithe le folláine chomhchoiteann. (S, SG, FG)</p>

6. An Curaclam Folláine i gCleachtas

Mar atá leagtha amach i gcaibidlí 2 agus 3, déanann Réasúnaíocht agus Aidhmeanna an *Churaclaim Folláine* cur síos ar an bhfís nua atá ann d'fhoghlaim na bpáistí san Fholláine i mbunscoileanna agus i scoileanna speisialta. Déantar cur síos sa chaibidil seo ar bhunghnéithe d'fhoghlaim páistí leis an gcuraclam agus na cleachtais oideolaíochta chomhfhreagracha agus straitéisí measúnaithe a thacaíonn leis an bhfoghlaim agus a chuireann léi. Ar deireadh, leagann an chaibidil seo béim ar roinnt ceisteanna praiticiúla do scoileanna agus an curaclam á úsáid acu.

6a. An Foghlaim sa *Churaclam Folláine*

Tugann timpeallacht foghlama atá sábháilte, ionchuimsitheach agus dearfach comhthéacs tábhachtach d'eispéiris foghlama na bpáistí san Fholláine. Agus eispéiris foghlama folláine spráíúla agus tharraingteacha á gcur ar fáil, tá sé riachtanach deiseanna a thabhairt do pháistí chun:

Cumarsáid	<ul style="list-style-type: none">• Tuairimí, smaointe, braistintí agus mothúcháin a chur in iúl trí ghluaiseacht, teanga choirp, gothaí, agus cumas labhartha• Comhoibriú agus a bheith ag obair i gcomhar lena chéile go héifeachtach i ngníomhaíochtaí a bhaineann le hobair foirne• Páirt a ghlacadh i bplé, cumarsáid shoiléir a chinntiú do spriocanna aonair agus do spriocanna comhroinnte• Aiseolas cuiditheach a sholáthar agus a fháil ar léirithe aonair agus ghrúpa, ag cothú scileanna cumarsáide éifeachtacha• Cur le plé grúpa, cur in iúl measúil agus léirtheiscint ar dhearcthaí éagsúla a spreagadh, agus éisteacht ghníomhach a léiriú• Tabhairt faoi ghníomhaíochtaí rólghlactha chun cumarsáid a chleachtadh i gcásanna sóisialta éagsúla.
Iníúchadh agus cur i bhfeidhm	<ul style="list-style-type: none">• Páirt ghníomhach a ghlacadh i ngníomhaíochtaí idirghníomhacha praiticiúla agus eispéireasacha• Scileanna, coincheapa agus bearta gluaiseachta a fhiosrú roimh aon teagasc díreach atá ag teastáil• Breithniú a dhéanamh ar an gcaoi a gcuirtear eolas agus scileanna ón suíomh scoile i bhfeidhm ar thaithí saoil lasmuigh den scoil, ag léiriú cinnteoireacht shábháilte agus fhreagrach• Iníúchadh a dhéanamh ar chásanna éagsúla leis an mbealach a dhéanamh trí thopaicí agus dúshláin chasta, ag cothú scileanna inoiriúnaitheachta agus réitigh fadhbanna• Teicneolaíocht a thabhairt isteach chun eispéiris foghlama a fheabhsú• Eolas a fhorbairt a chumasáíonn cinnteoireacht eolasach a bhaineann le folláine• Timpeallacht ionchuimsitheach a chothú ina mbraitheann gach páiste go bhfuil fáilte rompu, go bhfuil siad sábháilte agus go dtugtar meas dóibh.

Machnamh agus tuiscint	<ul style="list-style-type: none"> • Machnamh a dhéanamh ar thionchar na gluaiseachta ar shásamh pearsanta, ar bhrí agus ar a bhfolláine níos leithne • Breithniú a dhéanamh ar chéadfaí, ar bhraistintí agus na mothúcháin a bhíonn acu roimh ghluaiseacht, lena linn agus ina diaidh • Machnamh a dhéanamh ar eispéiris ghluaiseachta, roghanna, inniúlachtaí, agus a bhféiniúlacht atá ag fás mar dhaoine aonair atá gníomhach go fisiciúil • Taithí a fháil ar ghníomhaíochtaí agus ar dhúshláin a bhfuil smaointeoireacht straitéiseach, bearta agus tuiscint ar rialacha ag teastáil uathu • Dialanna/punanna a fhorbairt chun machnamh a dhéanamh ar a gcuid foghlama, ag sonrú dul chun cinn, dúshlán, agus spriocanna pearsanta • Tabhairt faoi phlé chun a n-eispéiris, a ndúshláin agus a n-éachtaí a roinnt • Páirt a ghlacadh i dtascanna féinmheasúnaithe chun féinfheasacht a fhorbairt.
Machnamh agus tuiscint	<ul style="list-style-type: none"> • Machnamh a dhéanamh ar thionchar na gluaiseachta ar shásamh pearsanta, ar bhrí agus ar a bhfolláine níos leithne • Breithniú a dhéanamh ar chéadfaí, ar bhraistintí agus na mothúcháin a bhíonn acu roimh ghluaiseacht, lena linn agus ina diaidh • Machnamh a dhéanamh ar eispéiris ghluaiseachta, roghanna, inniúlachtaí, agus a bhféiniúlacht atá ag fás mar dhaoine aonair atá gníomhach go fisiciúil • Taithí a fháil ar ghníomhaíochtaí agus ar dhúshláin a bhfuil smaointeoireacht straitéiseach, bearta agus tuiscint ar rialacha ag teastáil uathu • Dialanna/punanna a fhorbairt chun machnamh a dhéanamh ar a gcuid foghlama, ag sonrú dul chun cinn, dúshlán, agus spriocanna pearsanta • Tabhairt faoi phlé chun a n-eispéiris, a ndúshláin agus a n-éachtaí a roinnt • Páirt a ghlacadh i dtascanna féinmheasúnaithe chun féinfheasacht a fhorbairt.

Ag tacú le gach foghlaimeoir

Is duine aonair gach páiste a bhfuil sraith uathúil buanna aige atá le cothú. Is iad na Torthaí Foghlama a chuireann an deis ar fáil do na páistí le foghlaim trí roinnt conairí a thacaíonn le heispéiris foghlama shaincheaptha ionchuimsitheacha, go háirithe do na páistí siúd ag a bhfuil riachtanais bhreise. Tá Conairí Tacaíochta Breise (CTB) ina gcabhair chun na heispéiris foghlama is feiliúnaí a shainaithint do na páistí le linn dóibh a bheith rannpháirteach i dTorthaí Foghlama sa churaclam. Agus úsáid á baint ag na múinteoirí as na conairí, is féidir machnamh a dhéanamh ar an eispéireas foghlama ar bhealach níos mionsonraithe agus leibhéal chuí an dúshláin a shainaithint do pháistí. Le linn do na páistí a bheith ag foghlaim, is féidir leo taithí a fháil ar rudaí, freastal ar rudaí, freagairtí do rudaí, tús a chur le rudaí, seilbh a fháil ar rudaí agus is féidir leo éirí líofa agus a bheith ag ginearálú. Déantar cur síos níos mine orthu sin i dTábla 8.

Tábla 8: Conairí tacaíochta breise


Conairí Tacaíochta Breise	An páiste...
Taithí a fháil	bíonn sé i láthair i gcaitheamh gníomhaíocht foghlama. Nochtar é don timpeallacht foghlama agus/nó bíonn sé feasach uirthi. Tosaíonn siad ag gabháil i dtraithí ar an timpeallacht foghlama amhail rudaí, daoine, fuaimeanna agus eispéiris chéadfacha eile.
Aird a thabhairt air	tugann sé aird ar na gníomhaíochtaí foghlama a chuirtear ina láthair agus/nó téann i ngleic leo trí ghothaí, iompar an choirp, guthaíocht, súilfhéachaint, gluaiseacht, srl., a athrú. Tá sé tar éis dul i dtraithí ar an timpeallacht foghlama.
Freagairt	taispeánann sé go bhfuil sé in ann spéis a chur sa timpeallacht foghlama go gníomhach nó d'aon ghnó. Tosaíonn sé ag cur in iúl céard is maith leis, céard nach maith leis nó céard is fearr leis. Freagraíonn sé go gníomhach do ghníomhaíocht foghlama le tacaíocht nó gan tacaíocht.
Tús a chur le rudaí	bíonn sé fiosrach faoin timpeallacht foghlama. Lorgaíonn sé, go gníomhach agus go neamhspleách, deiseanna le dul i ngleic leis an timpeallacht sin agus/nó dul i bhfeidhm uirthi.
Sealbhú	taispeánann sé go bhfuil eolas, coincheap nó scil á foghlaim. Fiosraíonn sé an fhoghlaim agus glacann sé páirt inti.
Ag éirí líofa	gluaiseann sé i dtreo líofachta agus cruinnis i gcomhthéacsanna foghlama a bhfuil taithí aige orthu. Taispeánann sé go neamhspleách agus go seasta go bhfuil sé in ann cuimhneamh ar an scil/coincheap/eolas a foghlaimíodh.
Ginearálú	aistríonn sé scileanna, eolas nó coincheapa foghlamtha chuig comhthéacsanna a bhfuil taithí aige orthu agus chuig comhthéacsanna nach bhfuil, agus cuireann sé i bhfeidhm iad sna comhthéacsanna sin.

6b. Ag Teagasc sa Churaclam Folláine

Tá 'cén chaoi' a bhfoghlaímíonn páistí chomh tábhachtach céanna le 'céard' a fhoghlaímíonn páistí. Tá na cleachtais oideolaíocha seo a leanas riachtanach le heispéiris foghlama ar ardchaighdeán a sholáthar. Féadann siad timpeallacht agus cultúr foghlama ionchuimsitheach a chothú ina dtugann páistí faoi phróisis foghlama luachmhara agus fhiúntacha, de réir mar a phléitear i gcuid 6a. Thairis sin, tugann na cleachtais oideolaíocha seo deis do mhúinteoirí chun deiseanna foghlama a chur ar fáil a chuireann riachtanais, spéiseanna agus stóir eolais aonair na bpáistí san áireamh, agus atá dúshlánach go cuí. Leagann na cleachtais a sonraíodh béim ar fhoghlaim ghníomhach agus tá siad infheidhme i gCorpoideachas agus OSPS araon.

Ach an oiread le go leor cleachtais mhaithe sa seomra ranga, tá na cleachtais seo dinimiciúil agus ceanglaíonn siad lena chéile go nádúrtha. Níor cheart glacadh leis gur uileghabhálach ná ordlathach iad na cinn siúd a luaitear i bhFíor 4. Cuimseoidh na hUirlisí Úsáide Folláine ar Líne, atá á bhforbairt faoi láthair, réimse ábhar agus uirlisí chun tacú le múinteoirí na cleachtais oideolaíocha seo agus cinn eile a chur i bhfeidhm ina seomra ranga.

Fíor 4: Cleachtais oideolaíocha a thacaíonn le foghlaim agus teagasc san Fholláine



Foghlaim chomhoibríoch agus chomhoibritheach

Is éard atá i gceist le foghlaim chomhoibríoch ná nuair a oibríonn beirt pháistí nó níos mó le chéile ar sprioc foghlama chomhroinnte. Cuireann múinteoirí leibhéal treorach cuí ar fáil maidir leis an ábhar atá á chlúdach agus conas oibriú mar ghrúpa, sula dtugann siad cumhacht do pháistí chun úinéireacht a ghlacadh ar a gcuid foghlama féin. Tacaíonn cineálacha cur chuige foghlama comhoibritheacha le rannpháirtíocht ghníomhach agus rannpháirteachas gach páiste i gceachtanna. Tríd an gcur chuige comhoibríoch seo, forbraíonn páistí scileanna luachmhara idirphearsanta, sóisialta agus comhbhácha, chomh maith le foghlaim chognaíoch agus fhisiciúil a fheabhsú ar an ábhar atá á chlúdach. Cuireann oideolaíochtaí a thacaíonn le foghlaim chomhoibríoch le cumas páistí i réimsí amhail obair foirne, cumarsáid, agus cothrom na féinne. Go bunúsach, foghlaimíonn páistí conas a bheith ag obair go maith le chéile, cabhraíonn siad lena chéile le foghlaim, déanann siad machnamh le chéile, léiríonn siad meas ar dhearcadh daoine eile, agus glacann siad freagracht as a n-ionchuir aonair féin le grúpaí.

Is oideolaíocht uileghabhálach í an fhoghlaim chomhoibríoch a chuimsíonn cineálacha cur chuige foghlama comhoibritheacha freisin. Laistigh de chineálacha cur chuige comhoibritheacha foghlama, déanann an múinteoir scafláil d'aon ghnó ar idirghníomhaíochtaí dearfacha idir páistí, trí chluichí comhoibritheacha nó cineálacha cur chuige sonracha comhoibritheacha foghlama a úsáid. Laistigh de na cuir chuige chomhoibritheacha seo, is minic a bhíonn ról ainmnithe ag na páistí agus tá straitéis ar leith ag an múinteoir chun idirghníomhaíochtaí idir páistí a eagrú agus a bheith ag tacú leo. Tugann plé laistigh d'eispéiris chomhoibritheacha agus dá n-éis deiseanna do pháistí le machnamh a dhéanamh ar a gcuid foghlama agus meastóireacht a dhéanamh uirthi, na rudaí ar éirigh leo a phlé agus pleanáil a dhéanamh do ghníomhaíochtaí amach anseo.

Is féidir le múinteoirí cabhrú le húsáid na foghlama comhoibrithí a chur chun cinn trí:

- Scileanna sóisialta a fhorbairt a theastaíonn le haghaidh foghlaim chomhoibríoch
- Meas agus comhbhá a shamhaltú
- Páistí a chumhachtú le bheith ag obair i mbeirteanna agus i ngrúpaí ar thascanna foghlama, dúshláin agus cluichí
- Tacú le páistí a bheith ag cabhrú agus ag spreagadh a chéile
- Deiseanna machnaimh scaflála do pháistí ar dhul chun cinn grúpa agus aonair
- Cineálacha cur chuige agus cluichí foghlama comhoibritheacha ar leith a úsáid
- Pleanáil le haghaidh gníomhaíochtaí plé comhoibríocha amhail am ciorcail, comhdháil, smaoineamh/péireáil/roinnt
- Deiseanna a éascú do pháistí lena nguth a ardú trí ghníomhaíochtaí cinnteoireachta comhoibritheacha
- A chinntiú go n-aithníonn gach páiste tábhacht a n-ionchuir agus go bhfuil siad freagrach go haonarach as a n-ionchur le grúpaí.

Teagasc Díreach

Is cur chuige á threorú ag múinteoirí é teagasc díreach a chuimsíonn múinteoirí ag cur mínithe soiléire ar fáil, ag léiriú coincheap, agus ag treorú páistí trí sheicheimh scafláilte foghlama chun tuiscint chríochnúil a chinntiú. Tá sé ríthábhachtach a shonrú go gcuimsíonn teagasc díreach rannpháirteachas gníomhach agus rannpháirtíocht páistí trí smaointe, tuiscintí, aiseolas agus atreisiú a mhalartú chun foghlaim a éascú.

Tacaíonn cuir chuige teagaisc dhírigh le scaoileadh freagrachta de réir a chéile ó mhúinteoir a bhíonn ag samhaltú chomh fada le scafláil agus cleachtas treoraithe, sula dtugtar deis don chleachtas neamhspleách sa deireadh. Is ceist thábhachtach é luas an dul chun cinn seo ó ghníomhaíochtaí scafláilte go cleachtas neamhspleách chun a chinntiú go gcuirtear an leibhéal treorach agus an dúshlán leanúnach cuí ar fáil do gach foghlaimeoir.

Is féidir le teagasc díreach tacú le múinteoirí aghaidh a thabhairt ar théamaí nó topaicí ar bhealach soiléir, íogair, oiriúnach ó thaobh aoise agus leibhéal forbartha de, agus ar bhealach struchtúrtha. Is féidir leis scileanna agus eolas riachtanach a thabhairt do pháistí, rud a chuireann ar a gcumas cinntí eolasacha a dhéanamh faoina bhfolláine i gcomhthéacsanna éagsúla.

Is féidir le múinteoirí teagasc díreach a úsáid trí:

- Réamhfhoghlaim na bpáistí a mhúscailt agus tógáil uirthi mar thúsphointe
- Foghlaim nua a sheicheimhú agus a struchtúru ar bhealach incriminteach
- Leideanna ó bhéal a thaispeáint, a shamhaltú agus a úsáid chun ábhar nua a léiriú
- Ceisteanna, tascanna beirte agus grúpa a úsáid chun tacú le tuiscint agus í a sheiceáil
- Go leor deiseanna a chur ar fáil don cleachtas treoraithe lena ngabhann aiseolas
- Scafaill a sholáthar le haghaidh tascanna atá dúshlánach go cuí
- Cleachtas neamhspleách agus réiteach fadhbanna a mhéadú de réir a chéile de réir mar a éiríonn an scoláire níos cumasaí
- Tacú le machnamh agus tuilleadh tacaíochta a chur ar fáil bunaithe ar chleachtas neamhspleách
- Faisnéis atá oiriúnach ó thaobh aoise agus leibhéal forbartha de agus atá bunaithe ar fhianaise a chur ar fáil faoi fhorbairt an duine
- Áiseanna amhairc, póstaer, rólghlacadh, agus físeáin a úsáid chun rialacha, treoirlínte agus nósanna imeachta sábháilteachta a léiriú agus a chleachtadh.

Foghlaim fionnachtana

Is éard atá i gceist le foghlaim fionnachtana ná páistí a scafláil chun foghlaim nua a iniúchadh, smaoineamh air, a phlé, fadhbanna a réiteach, agus a fháil amach. Tá ullmhúchán cúramach ag teastáil ó fhoghlaim fionnachtana chomh maith le tacaíocht leanúnach ón múinteoir chun páistí a chumasú le taithí a fháil ar rogha agus guth laistigh dá gcuid foghlama. Feidhmíonn an múinteoir mar éascaitheoir, ag treorú páistí go seicheamhach i dtreo foghlaim nua trí cheisteanna d'aon ghnó, oiriúnuithe de réir a chéile, aiseolas, agus srianta beartaithe i dtascanna. Sa chás ina mbíonn deacracht ag páistí, is féidir leideanna agus taispeántais ó bhéal a úsáid ar bhonn teoranta chun scafláil agus treoir bhreise a thabhairt. Is féidir páistí a spreagadh chun na leideanna seo a oiriúnú dóibh féin de réir mar is fearr a oireann chun tacú lena bhforbairt féin.

Laistigh d'fhoghlaim fionnachtana, aithnítear gur féidir níos mó ná freagra nó cur chuige ceart amháin a bheith ann agus gur cheart réitigh iomadúla a spreagadh agus go ndéanfaí na páistí forbairt orthu. Cuimsíonn sé seo uathúlacht na bpáistí agus tugann sé deis dóibh chun foghlaim nua a oiriúnú de réir mar a oireann dá gcumas aonair, an tasc atá á dhéanamh, agus an dtimpeallacht nó an comhthéacs ina dtarlaíonn sí. Spreagann foghlaim fionnachtana páistí chun machnamh a dhéanamh, chun plé a dhéanamh, chun fadhbanna a réiteach, agus chun úrmaireacht a fhorbairt sa smaointeoireacht trí bhéim a chur ar chiall a bhaint as rud ina dtimpeallacht. Tugann sé cumhacht dóibh le bheith cruthaitheach, athléimneach agus solúbtha maidir leis an eolas agus na scileanna atá á bhfoghlaim acu a oiriúnú agus a chur i bhfeidhm i gcomhthéacsanna éagsúla agus is féidir leis gnóthachtáil, spreagadh, gníomhú agus sásamh san foghlaim a fheabhsú.

Is féidir le múinteoirí foghlaim fionnachtana a úsáid trí:

- Tús áite a thabhairt d'iniúchadh seachas do mhíniú
- Cur chuige oscailte agus fiosrach i leith na foghlama a léiriú
- Béim a chur ar an bhfíric gur minic gur féidir níos mó ná freagra amháin nó réiteach is fearr a bheith ann
- Páistí a éascú le ceisteanna a chur agus réimsí fionnachtana a roghnú atá ábhartha agus fiúntach dóibh
- Ceisteanna leanúnacha ar leideanna iad a úsáid chun foghlaimeoirí a threorú le díriú ar thoradh an taisc
- Scileanna a fhorbairt agus a bheith ag foghlaim i dtimpeallachtaí agus i gcomhthéacsanna iontaofa
- Tascanna dúshlánacha a shimpliú (agus a sláine a choinneáil ag an am céanna), seachas réitigh fhéideartha a roinnt láithreach
- Srianta tascanna a mhúnlú chun tacú le foghlaim agus í a threorú trí na rialacha, an spás, an tasc, an suíomh, an trealamh nó na daoine a oiriúnú
- Cásanna a úsáid chun cinnteoireacht a iniúchadh
- Tascanna a athrú go rialta chun inathraitheacht a chur chun cinn agus páistí a spreagadh chun triail a bhaint as cuir chuige nua.

Cuir chuige spráúla

Tá an fhoghlaim spráúil oiriúnach do pháistí i ngach stad d'oidreachas bunscolaíochta agus speisialta. Is fiú an súgradh ann féin, agus tá idir cheart agus fionn súgartha ar pháistí. Glacann oideolaíochtaí spráúla le fiosracht agus cruthaitheacht dhúchasach na bhfoghlaimoírí, ag tacú le spás dinimiciúil chun na gnéithe den fholláine a iniúchadh. Cuireann súgradh agus eispéiris spráúla le páistí a bheith ag glacadh úinéireacht agus freagracht as a gcuid foghlama féin. Tacaíonn eispéiris shúgartha thaitneamhacha, dhúshlánacha agus eachtrúla, laistigh agus lasmuigh, le páistí iniúchadh a dhéanamh ar an domhan mórthimpeall orthu, agus foghlaim chun riosca a mheas.

Ní hamháin go dtacaíonn eispéiris spráúla ar ardchaighdeán le páistí a bheith ag obair i dtreo torthaí foghlama, ach cuireann siad eispéiris dhearfacha thaitneamhacha chun cinn atá ina mbuntáiste don spreagadh. Ina theannta sin, tacaíonn súgradh le hidirghníomhaíochtaí sóisialta agus caidrimh shóisialta, lena n-áirítear obair foirne, braistint muintearais agus pobail a chothú. Is féidir le cuir chuige spráúla deiseanna taiscéalaíochta, dúshlán, cruthaitheachta, rogha, gutha, agus neamhspleáchais a chur ar fáil, agus tacú le páistí ceangail a chruthú agus smaointe a roinnt.

I rith na n-eispéireas foghlama spráúil sin, bíonn an teagasc agus an foghlaim corrach agus solúbtha, agus tagann deiseanna foghlama nach rabhtas ag súil leo agus deiseanna foghlama ag teacht chun cinn aníos. Tacaíonn réimse de chuir chuige atá bunaithe ar spraoi, a chinntíonn cur chuige cothrom idir spraoi faoi threoir múinteoirí agus páistí, le foghlaim san Fholláine.

Is féidir le múinteoirí spráúlacht a chur chun cinn agus cur chuige spráúil a ghlacadh trí:

- Spás sábháilte a chur ar fáil don spontáineacht, cruthaitheacht, dul i riosca agus taiscéalaíocht
- Timpeallachtaí foghlama spráúla, gníomhacha, praiticiúla agus tarraingteacha a chruthú, i suíomhanna éagsúla laistigh agus lasmuigh
- Teicnící súgartha sochdhrámatúla agus drámaíochta a thabhairt isteach, mar shampla rólghlacadh, caolsráid coinsiasa, frámaí reoite, agus puipéadóireacht chun tacú le foghlaim fhisiciúil, shóisialta agus mhothúchánach
- Insint agus scéalta a úsáid, mar shampla, mar spreagadh d'eispéiris ghluaiseachta sa Chorpoideachas agus chun peirspictíocht éagsúil agus saincheisteanna casta/íogaire in OSPS a iniúchadh
- Réimsí gníomhaíochta Corpoideachais atá oiriúnach ó thaobh aoise agus leibhéal forbartha de agus atá spráúil a thabhairt isteach
- Cuir chuige atá dírithe ar chluichí agus cluichiú a ionchorprú chun taitneamh a chur chun cinn, tacú le hathléimneacht agus muinín a chothú
- Deiseanna a chur ar fáil do pháistí chun gníomhaíochtaí, gluaiseachtaí agus cluichí a chruthú agus a fhorbairt
- Tús áite a thabhairt d'eispéiris Chorpoideachais atá spráúil agus comhoibríoch gan róbhéim a chur ar an iomaíocht.

Oideolaíocht chaidreamhach

Leagann oideolaíocht chaidreamhach béim ar an tábhacht bhunúsach a bhaineann le caidrimh dhearfacha don fholláine. Ba cheart go mbeadh an scoil, ar mhaithe le gach páiste, ina háit ina mbraitheann siad ar a suaimhneas, agus go bhfuil meas orthu, go ndéantar iad a cheiliúradh, agus go dtugtar tacaíocht dóibh. Tá comhthéacs an chultúir agus na timpeallachta scoile atá dearfach mar bhonn agus mar thaca faoin bhfoghlaim agus faoin teagasc san Fholláine. Nuair a chuirtear braistint muintearais chun cinn, is mó seans go mbeidh idirghníomhaíochtaí sóisialta níos fearr ag páistí, go mbeidh siad níos éifeachtúla, go n-éireoidh leo agus go mbainfidh siad taitneamh as an scoil.

Ina theannta sin, is féidir le timpeallacht dhearfach feidhmiú mar ghné chosanta chun bulaíocht a chosc. Sa chás ina bhfuil tuiscint ag páistí ar fhreagracht as a n-iompraíochtaí agus a gcinntí, go gcaitear leo ar bhealach cothrom agus cóir, agus go mbíonn meas acu ar éagsúlacht, tá seans níos mó ann go gcaithfidh siad le daoine eile ar an mbealach céanna. Aithníonn oideolaíocht chaidreamhach freisin an tábhacht shuntasach a bhaineann le duine fásta iontaofa d'fholláine na bpáistí.

Tugann cur chuige caidreamhach tús áite d'aon ghnó do chaidrimh dhearfacha a chothú, lena n-áirítear caidreamh idir an múinteoir agus an páiste, caidreamh idir piaraí, agus comhpháirtíocht le tuismitheoirí. Léiríonn múinteoirí eitic de chúram domhain agus tá siad sofhreagrach, ag tógáil ar thuiscint eolasach, iomlánaíoch agus dhinimiciúil ar na páistí. Aithníonn sé ceart na bpáistí chun cinntí a dhéanamh a théann i bhfeidhm ar a saol, rud a thugann cumhacht dóibh lena nguth a ardú, páirt a ghlacadh i gcleachtais dhaonlathacha, a bheith gníomhach agus seasamh chun tosaigh i gcásanna foghlama.

Is féidir le múinteoirí caidrimh dhearfacha a chothú trí:

- Timpeallacht foghlama uilechuimsitheach a bhunú a chumasóidh rannpháirteachas iomlán, mar shampla, an timpeallacht fhisiciúil a mheas agus acmhainní a roghnú a chuimsíonn difríocht agus atá saor ó chlaontacht
- Eispéiris agus gnáthaimh foghlama a fhorbairt chun idirghníomhaíocht shóisialta a chur chun cinn go sonrath agus caidrimh dhearfacha a chothú
- Caidrimh mheasúla, scileanna cumarsáide éifeachtacha, scileanna comhbhácha a léiriú, agus teanga ionchuimsitheach mheasúil a úsáid
- Cuir chuige a léiriú chun aighneas/mionchoinbhleachtaí a réiteach, chun iarmhairtí nádúrtha a shonrú, agus chun díriú ar dhíobháil a dheisiú agus ar chaidrimh a athbhunú
- Comhpháirtíochtaí comhoibritheacha a chothú le tuismitheoirí chun foghlaim a fheabhsú
- Páistí a éascú lena nguth a ardú ar bhealach fiúntach, ag cinntiú go dtugtar cluas éisteachta dá nguth agus go ngníomhaítear air go cuí
- Teorainneacha soiléire a leagan síos agus comhthuiscint a bheith ann ar ionchais
- Féinmheas na bpáistí a fheabhsú trí bhraistint féiniúlachta, tuiscint ar chuspóir, agus braistint muintearais, slándála agus inniúlachta a chothú.

6c. Measúnú a dhéanamh ar Fholláine

Is bunchuid den teagasc agus den fhoghlaim é an measúnú. Is próiseas comhoibritheach é ina mbíonn páistí agus múinteoirí páirteach, agus, uaireanta, tuismitheoirí agus páirtithe leasmhara eile, ag obair le chéile chun faisnéis a úsáid chun eolas a chur ar fáil, chun tacú leis an bhfoghlaim agus leis an teagasc agus chun iad a fheabhsú. Is próiseas leanúnach, leantach é an próiseas chun fianaise a bhailiú, a athbhreithniú agus a mheas a fhreagraíonn d'athruithe i gcomhthéacs. Is gairmithe tiomanta gníomhacha iad múinteoirí, a bhfuil go leor scileanna acu agus a dhéanann cinntí gach lá maidir le teagasc san Oideachas Folláine. Is iad na nithe seo a leanas is bonn leis na cinntí sin:

- Cur amach ar na páistí agus ar a réamhfhoghlaim
- Cur amach ar an gcuraclam
- Cur amach ar oideolaíocht.

Cur amach ar na páistí agus ar a réamhfhoghlaim

Téann páistí i ngleic le foghlaim san Fholláine ar bhealaí difriúla ag brath ar an aois, cumas, buanna, roghanna, agus spéiseanna atá acu. Tacaíonn cur amach an mhúinteora ar an bpáiste chun cleachtais mheasúnaithe a chur in oiriúint agus chun freastal ar na riachtanais agus na spéiseanna seo. Is féidir an t-eolas seo a neartú trí aithne a chur ar pháistí trí idirghníomhaíochtaí dearfacha agus forbairt caidrimh. Tá eolas ar réamhfhoghlaim agus ar réamhthuiscint na bpáistí rithábhachtach freisin chun timpeallacht foghlama ionchuimsitheach, thacúil agus éifeachtach a chothú. Cuireann an t-eolas seo bonn eolais faoin seicheamh agus scafláil chuí foghlama a thacaíonn le páistí chun tógáil ar an méid a foghlaimíodh agus é sin a dhoimhniú. Is féidir leis tacú freisin le measúnú féin-tagartha, a leagann béim ar fheabhas pearsanta i gcoinne feidhmíocht a léiríodh roimhe seo, seachas comparáid a dhéanamh le gnóthachtáil daoine eile, rud a fhágann gur féidir le gach duine a bheith rathúil.

Is próiseas comhoibritheach é cur amach a fhorbairt ar na páistí, ina gcuimsítear guth an pháiste agus ina dtarlaíonn comhghiniúint eolais idir múinteoir agus páistí. Trí dheiseanna a chruthú do pháistí a gcuid smaointe, dearchtaí, roghanna agus eispéreas a chur in iúl, ní hamháin go gcothaítear braistint úinéireachta agus gníomhaithe, ach cuirtear le heolas ar aistear foghlama, láidreachtaí agus spéiseanna uathúla na bpáistí. Luach a chur ar gcuid léargas agus iad a chomhtháthú, ag cinntiú go gcuireann a nguthanna go fiúntach le heispéiris foghlama, teagaisc agus measúnaithe ionchuimsitheacha agus tarraingteacha a mhúnlú.

Cur amach ar an gcuraclam

Tacaíonn eolas na múinteoirí ar an *gCuraclam Folláine* chomh maith le ceangail is féidir a dhéanamh thar réimsí curaclaim eile le múinteoirí cinntí a dhéanamh faoi na rudaí a fhoghlaimíonn páistí, an t-ord ina bhfoghlaimíonn siad, agus an luas ag a bhfoghlaimíonn siad. Trí chinntí gairmiúla a dhéanamh bunaithe ar cur amach fóna ar an gcuraclam, agus, mar atá thuas, riachtanais, spéiseanna agus réamhfhoghlaim na bpáistí a chur san áireamh, feidhmíonn múinteoirí a gcumas gníomhaithe agus a n-éifeachtúlacht chun a chinntiú go mbíonn na heispéiris foghlama fiúntach agus tarraingteach. Agus páistí ag obair i dtreo na dTorthaí Foghlama, tugann measúnú léargais agus eolas úsáideach dúinn ar dhul chun cinn na bpáistí. Is féidir le múinteoirí nó páistí breathnóireacht a dhéanamh ar an eolas seo, é a léirmhíniú, nó é a úsáid, ar bhealach sofhreagrach, chun tacú le cinntí a dhéanamh ar bhonn leanúnach faoi na céimeanna atá le teacht ina dturas foghlama.


Cur amach ar oideolaíocht

Ach machnamh a dhéanamh ar na deiseanna foghlama a chuirtear ar fáil do pháistí (de réir mar a leagtar amach iad i gcuid 6a) agus ar na cleachtais oideolaíochta a chuirtear i bhfeidhm sa seomra ranga (de réir mar a leagtar amach iad i gcuid 6b), is féidir le múinteoirí na heispéiris foghlama agus an timpeallacht foghlama araon a bheachtú agus a leasú chun cur le heispéiris foghlama na bpáistí san Fholláine. Is é an aidhm atá leis seo ná a chinntiú go bhfuil múinteoirí ag freagairt go cuí d'fhoghlaim na bpáistí chun é a chur ar a gcumas a bheith faoi bhláth. Cuireann comhráite gairmiúla le comhghleacaithe, forbairt ghairmiúil leanúnach, agus rochtain ar acmhainní teagaisc mar chuid de na huirlisí úsáide folláine ar líne, tuilleadh tacaíochtaí ar fáil do mhúinteoirí.

Deiseanna chun measúnú a dhéanamh ar fhoghlaim i bhFolláine

Is riachtanach an cumas meonta folláine a aithint i ngnáthchúrsaí shaol an pháiste agus an fhoghlaim fhéideartha a fhorbairt a eascraíonn astu maidir le pleanáil le haghaidh measúnaithe sa seomra ranga. Tacaíonn an *Curaclam Folláine* le contanam measúnaithe ón 'measúnú iomasach' go dtí 'idirghníomhaíochtaí pleanáilte' go dtí 'imeachtaí measúnaithe' mar a léirítear i bhFíor 5. Tagann na trí chineál measúnaithe le chéile agus tá siad riachtanach chun léargas cuimsitheach a fháil ar dhul chun cinn agus ar ghnóthachtáil páiste.

Fíor 5: An contanam measúnaithe



Le linn eispéiris foghlama Folláine, seans maith go dtarlóidh measúnú trí thimpiste, go hiomasach, agus mar fhreagra ar phointí teagmhais, .i. freagairtí neamhphleanáilte nach rabhthas ag súil leo ón bpáiste. Agus oscailteacht á cur ar fáil le haghaidh pointí teagmhais dá leithéid, agus léargais á dtapú ó fhreagraí, ceisteanna, fadhbanna agus tascanna páistí, is féidir sonraí measúnaithe saibhre a fháil.

Modhanna maidir le measúnú a dhéanamh san Fholláine

De réir mar a dhéanann múinteoirí measúnú ar an bhfoghlaim atá déanta ag páistí san Fholláine, is mór an seans go mbainfeadh múinteoirí úsáid as roinnt modhanna measúnaithe, ar bhealaí idir-athraitheacha, chun léargas saibhir a fháil ar fhoghlaim na bpáistí. Seo thíos roinnt de na modhanna is dócha a úsáidfear.

Aiseolas: Is féidir páistí a chumasú trí rúin foghlama a roinnt, agus aiseolas éifeachtach, tráthúil agus cuiditheach a sholáthar a dhíríonn ar fhoghlaim san Fholláine nó ar an tasc atá idir lámha acu chun a ndul chun cinn agus a n-éachtaí a léiriú, a aithint agus a thuiscint, dúshláin a bhíonn rompu a shainaithint, treoir a thairiscint maidir le foghlaim amach anseo agus cinneadh a dhéanamh maidir leis na chéad chéimeanna eile is cuí.

Breathnuithe: Tá múinteoirí in áit mhaith chun breathnú go gníomhach ar pháistí agus chun freagairt do chásanna foghlama tráthúla de réir mar a thagann siad chun cinn. Trí mhúinteoirí a bheith ag breathnú, ag éisteacht agus ag idirghníomhú le páistí agus iad ag tabhairt faoi ghníomhaíochtaí agus eispéiris foghlama, gintear eolas measúnaithe ríthábhachtach. Is féidir le breathnuithe a bheith an-úsáid chun measúnú a dhéanamh ar scileanna, rannpháirtíocht agus rannpháirteachas, athléimneacht, iompraíochtaí agus idirghníomhaíochtaí le daoine eile.

Ceisteanna: Is féidir le ceisteanna atá éifeachtach, dea-dhéanta, dian, agus atá oscailte agus a bhaineann le fócas na foghlama, agus a bhfuil am cuí feithimh i gceist leo tacú le múinteoirí tuiscint a thomhas, agus páistí a spreagadh chun machnamh a dhéanamh, smaoineamh go criticiúil, a dtuiscint a fhorbairt, breithniú a dhéanamh ar dhearcthaí éagsúla, agus a smaointe a chur in iúl.

Comhdhálacha: Trí chruinnithe múinteora/páiste, piara/piara, agus grúpa, is féidir le múinteoirí léargas a fháil ar smaointeoireacht na bpáistí, ar mhiondífriochtaí a gcuid foghlama agus ar a gcuid eispéireas leis an bhfoghlaim. Is féidir le comhdhálacha timpeallacht foghlama dhearfach, thacúil agus chomhoibrítheach a chothú, rud a fhágann gur féidir aiseolas agus tacaíocht shainoiriúnaithe a chur ar fáil.

Tascanna: Tá tascanna in ann léargas a chur ar fáil ar leibhéal tuisceana na bpáistí agus ar a rogha modhanna foghlama san Fholláine. Is féidir tascanna a úsáid chun eolas, scileanna, meonta, dearthaí agus luachanna ar leith a mheas, nó is féidir iad a dhearadh chun measúnú a dhéanamh ar ghnéithe iomadúla a thairgeann léargas níos iomlánaíche ar fhoghlaim na bpáistí. Is féidir le tascanna tacú le fíormheasúnú, breathnuithe i gcásanna fíor-ama a éascú, agus tacú le páistí a gcuid foghlama a chur i bhfeidhm i gcomhthéacsanna éagsúla.

Punanna: Is féidir punanna a úsáid chun fianaise ar fhoghlaim agus ar fhorbairt a thiomsú thar thréimhse fhada ama. Is féidir le punanna tacú le socrú spriocanna agus féinmhachnamh, agus braistint úinéireachta agus freagrachta a chothú as an bhfoghlaim. Is féidir le punanna a chur le chéile go digiteach nó ar bhealach eile agus foinse aiseolais agus measúnaithe a chur ar fáil. D'fhéadfadh pictiúir, taifeadtaí agus samplaí oibre a bheith istigh iontu, i measc rudaí eile.

Modhanna piarmheasúnaithe agus féinmheasúnaithe Is féidir le modhanna piarmheasúnaithe agus féinmheasúnaithe tacú le dearbhú agus spreagadh intreach. Tá cultúr agus timpeallacht seomra ranga atá oscailte, measúil agus comhoibríoch riachtanach chun tacú leis an bpáiste cuimhneamh ar a fhoghlaim féin agus ar fhoghlaim daoine eile.

Is féidir piarmheasúnú agus féinmheasúnú a chur chun cinn ach:

- Am agus spás a thabhairt do pháistí le machnamh a dhéanamh ar a bhfoghlaim, í a roinnt agus í a phlé
- An méid a fhoghlaiméoidh na páistí a dhéanamh soiléir dóibh, chomh maith leis an gcaoi a bhféadfaidís cur le heolas atá acu cheana agus le naisc fhéideartha maidir le réimsí eile foghlama a bhfuil cur amach acu orthu
- Critéir mheasúnaithe a mholadh nó a chomhghiniúint le páistí a chuireann comhoibriú, machnamh agus roinnt mheasúil agus oscailte chun cinn agus dhéanann ceiliúradh orthu
- Dialanna a úsáid chun tabhairt faoi shocrú spriocanna, machnamh agus measúnú féin-tagartha
- Solúbthacht agus rogha a cheadú maidir leis an gcaoi a gcuireann páistí a gcuid foghlama in iúl.

Measúnú le cúnamh na teicneolaíochta: Cumasaíonn an teicneolaíocht sonraí measúnaithe a bhailiú, a anailísiú agus a léiriú go héifeachtúil, rud a d'fhéadfadh a bheith úsáideach ar mhaithe le comhdhálacha agus aiseolas a roinnt. Is féidir le measúnuithe le cúnamh na teicneolaíochta tacú le múinteoirí tascanna measúnaithe agus eispéiris foghlama amach anseo a chur in oiriúint agus a shaincheapadh do riachtanais an pháiste aonair. Is féidir leis rannpháirteachas a fheabhsú agus tacú le piarmheasúnú agus féinmheasúnú inar féidir le páistí athbhreithniú a dhéanamh ar a gcuid foghlama agus oibriú trí thascanna agus gníomhaíochtaí ar a luas féin.


Tionscadail: Cuireann an fhoghlaim bunaithe ar thionscadal cur chuige dinimiciúil agus éifeachtach ar fáil maidir le measúnú, rud a éascaíonn meastóireacht iomlánaíoch ar fhoghlaim agus ar fhorbairt na bpáistí. Bíonn ar pháistí tarraingt ar réimse scileanna, ag cur a gcuid eolais agus tuisciana i bhfeidhm i gcásanna praiticiúla le tionscadail a dhéanamh. Spreagann an fhoghlaim bunaithe ar thionscadal cruthaitheacht, smaointeoireacht chriticiúil, obair foirne, agus foghlaim chomhoibritheach, agus bíonn rannpháirteachas leanúnach ag teastáil.

Tacaíonn úsáid fhiúntach as doiciméadacht le cleachtas maith measúnaithe. Tagann an cháipéisíocht chun cinn as an bpróiseas bailithe fianaise, agus bíonn nótaí mínithe agus nótaí eile a rinne an múinteoir le fáil ann. Cuireann cáipéisíocht dá leithéid leis an léargas saibhir iomlán a bhíonn ag teastáil ó mhúinteoirí ar gach páiste mar fhoghlaiméoir ar mhaithe leis an tacaíocht agus na heispéiris a sholáthar a thacaíonn le dul chun cinn agus forbairt thar an gcuraclam.

6d. Réimsí gníomhaíochta Corpoideachais

Cuimsíonn an tsonraíocht roinnt réimsí gníomhaíochta Corpoideachais. Is iad na réimsí gníomhaíochta Corpoideachais an meán trínar féidir le páistí na Torthaí Foghlama Corpoideachais a bhaint amach i gcéimeanna 1 go dtí 4. Mar a leagtar amach i bhFíor 6, tá príomhfhócas na foghlama, an teagaisc agus an mheasúnaithe laistigh den Chorpoideachas dírithe ar na Torthaí Foghlama. Ag dul chun cinn síos laistigh d'Fhíor 6, roghnaítear Torthaí Foghlama ón snáithe oideachais Gluaiseachta agus/nó na snáitheanna eile ar dtús, sula n-aithnítear réimse/réimsí gníomhaíochta corpoideachais comhlántacha mar mheán chun tacú leis an bhfoghlaim seo agus chun comhthéacs a chur ar fáil di.

Fíor 6: Ag ullmhú don fhoghlaim agus don teagasc sa Chorpoideachas



Tá na réimsí gníomhaíochta deartha chun léiriú a thabhairt ar an éagsúlacht de ghníomhaíochtaí éagsúla, comhthéacsanna sóisialta (caitheamh aimsire agus iomaíoch) agus timpeallachtaí fisiceacha (laistigh agus lasmuigh) ar féidir iad a úsáid chun tacú le rannpháirteachas i ngníomhaíocht choirp le linn na hóige agus ina dhiaidh sin. Trí réimse leathan na réimsí gníomhaíochta, faigheann páistí taithí ar ghníomhaíochtaí áineasa agus gníomhaíochtaí choirp ar feadh an tsoil a bheith tugtha isteach atá oiriúnach ó thaobh aoise agus leibhéal forbartha de, chomh maith le gníomhaíochtaí spóirt agus gluaiseachta cultúrtha. Ag gach céim den churaclam, ba cheart go gcuimseodh Corpoideachas réimse leathan agus cothrom d'eispéiris i 6 cinn ar a laghad de na 7 réimse gníomhaíochta chun tacú le gnóthachtáil laistigh de na Torthaí Foghlama. Tá cur síos nach bhfuil uileghabhálach ar gach réimse gníomhaíochta leagtha amach i dTábla 9.

Tábla 9: Cur síos ar réimsí gníomhaíochta Corpoideachais

Eachtraíocht	Tugann an réimse seo gné d'eachtraíocht agus de dhúshlán do pháistí trí ghníomhaíochtaí éagsúla amhail treodóireacht (idir thraidisiúnta agus bunaithe ar an teicneolaíocht), siúlóidí eachtraíochta, gníomhaíochtaí uisce-bhunaithe, ceird na campála, agus scailpeanna a dhéanamh. Is gné thábhachtach de ghníomhaíochtaí eachtraíochta iad gníomhaíochtaí bunaithe ar roth freisin ina gcuimsítear fócas ar ghníomhaíocht fadsaoil na rothaíochta, in éineacht le gníomhaíochtaí eile bunaithe ar roth amhail scútar agus bord scútair. Tacaíonn gníomhaíochtaí eachtraíochta le forbairt iomlánaíoch agus leagann siad síos an bunús do pháistí chun glacadh leis na buntáistí a bhaineann le bheith gníomhach lasmuigh, agus ag an am céanna ag aithint gur féidir go leor réamhscileanna a fhorbairt taobh istigh freisin.
Gníomhaíochtaí malartacha	Féachann gníomhaíochtaí malartacha le heispéiris nua gluaiseachta a chur ar fáil do pháistí. Is féidir leis na gníomhaíochtaí nua seo a bheith fiúntach do pháistí agus aird a tharraingt ar na modhanna éagsúla trínar féidir stíl mhaireachtála atá gníomhach go fisiciúil a fhorbairt. Laistigh de ghníomhaíochtaí malartacha, is gnách go dtosaíonn páistí ó leibhéal inniúlachta den chineál céanna agus léiríodh go gcuireann na gníomhaíochtaí seo le spreagadh, le muintearas agus le hathléimneacht. Agus gníomhaíochtaí malartacha á roghnú acu, d'fhéadfadh scoileanna tarraingt ar na heiseamláirí laistigh de na huirlisí úsáide ar líne i réimsí amhail scileanna sorcais, <i>pilates</i> , srl., mar aon le comhthéacs leithleach a gcuid saineolais foirne agus a suíomh scoile.
Gníomhaíochtaí Ealaíonta agus Aeistéitiúla	Cuimsíonn gníomhaíochtaí ealaíne agus aeistéitiúla gleacaíocht agus damhsa. Leagann gleacaíocht béim ar neart, solúbthacht, gluaiseacht atá bunaithe ar an urlár chomh maith le gníomhaíochtaí rithimeacha, laistigh agus nuair is cuí lasmuigh, nach bhfuil ach trealamh teoranta ag teastáil uathu. Tacaíonn gleacaíocht le forbairt scileanna gluaiseachta agus coincheapa amhail feasacht choirp, spáis agus iarrachta mar aon le caidrimh le daoine eile trí ghluaiséacht. Ar an gcaoi chéanna, sa damhsa, déanann páistí iniúchadh cruthaitheach ar choincheapa agus ar scileanna gluaiseachta trí dhamhsa cruthaitheach agus trí iniúchadh a dhéanamh ar sheánraí éagsúla damhsa ó chomhthéacsanna cultúrtha éagsúla. Is féidir le gníomhaíochtaí ealaíne agus aeistéitiúla cabhrú le léiriú ealaíonta a fhorbairt agus déanann siad teagasc san Oideachas Ealaíon a chomhtháthú, ailíníonn siad leis agus cuireann siad leis go nádúrtha.
Lúthchleasaíocht	Cuimsíonn lúthchleasaíocht réimse leathan gníomhaíochtaí reathaíochta, léime agus caithimh. Is féidir leis na scileanna a bhaineann leis na gníomhaíochtaí seo gníomhú mar réamhtheachtaí do rannpháirteachas i ngníomhaíochtaí lúthchleasaíochta atá curtha in oiriúint d'aois agus céim forbartha agus tacú freisin le rannpháirtíocht i réimse leathan gníomhaíochtaí breise. Le béim ar spraoi agus ar fheabhas pearsanta seachas comparáid a dhéanamh le feidhmíocht daoine eile, tacaíonn lúthchleasaíocht le forbairt i réimse leathan torthaí foghlama ar fud na gceithre shnáithe.
Oiliúint Uisce	Féachann an oiliúint uisce le heispéireas foghlama uiscebhunaithe a chur ar fáil do gach páiste chun tacú le forbairt scileanna sábháilteachta riachtanacha. Beidh tionchar ag an méid rochtana ar thimpeallacht uisceach oiriúnach, soláthar iompair agus infhaighteacht múinteoirí snámha atá cáilithe go cuí ar eagrúchán na hoiliúna uisce. Tá rochtain ar oiliúint uisce dúshlánach i gcás

	<p>roinnt scoileanna, ach ba cheart gach iarracht a dhéanamh tréimhse ama a chur ar fáil do gach rang chun blaiseadh praiticiúil a fháil den oiliúint uisce ag céim amháin nó níos mó le linn a gcuid bunoidreachais.</p> <p>Laistigh den oiliúint uisce tá béim ar shábháilteacht i dtimpeallachtaí uiscíochta trí scileanna buacachta agus féin-tarrthála thar ghnáth-bhuillí snámha amháin a fhorbairt. Tacú le taitneamh agus muinín páistí i dtimpeallachtaí oiliúna uisce is ea breithniú tábhachtach eile. Cuidíonn súgradh san uisce trí chluichí leis an bpáiste san fhoghlaim agus is é an cosán is fearr é chun cabhrú leis an bpáiste taithí a fháil ar na gnéithe tairbheacha den uisce.</p>
Cluichí grúpa	<p>Cuireann cluichí grúpa deiseanna ar fáil do pháistí chun páirt a ghlacadh i gcluichí beaga agus gníomhaíochtaí atá oiriúnach ó thaobh aoise agus leibhéal forbartha de. Áirítear orthu sin cluichí ina ndéantar scileanna/rialacha nó straitéisí de chluiche a scaradh amach, ar leaganacha mionathraithe iad d'fhoirmeacha iomlána cluiche, chun tacú le cumas páistí a bheith ag obair le chéile agus scileanna gluaiseachta agus straitéisí a fhorbairt, in éineacht le foghlaim chognaíoch, shóisialta agus mhothaitheach eile thar gach snáithe den churaclam. Cuimsíonn an réimse gníomhaíochta seo gníomhaíochtaí amhail cluichí ionraidh, cluichí buailte agus páirce, cluichí comhoibríochta, cluichí clóis súgartha, cluichí paraisiúit chomh maith le cluichí a bhfuil tábhacht chultúrtha leo amhail cluichí Gaelacha agus iad siúd ó chultúir eile.</p>
Cluichí aonair/ comhpháirtithe	<p>Tugann an réimse gníomhaíochta seo deiseanna do pháistí le bheith gníomhach i gcomhthéacs sóisialta difriúil trí thabhairt faoi chluichí aonair agus comhpháirtithe. De ghnáth bíonn na cluichí seo gan teagmháil agus cuireann siad deiseanna taitneamhacha ar fáil chun scileanna gluaiseachta, straitéisí agus réimse leathan foghlama a fhorbairt ar fud na gceithre shnáithe. Is féidir cluichí modhnaithe lena mbaineann eangacha a iniúchadh le trealamh oiriúnaithe amhail balúin, raicéid agus bacainní oiriúnaithe. Ar an gcaoi chéanna is féidir cluichí sprice agus cluichí balla a chur in oiriúint agus a imirt de réir mar a oireann do chomhthéacs na scoile.</p>

6e. Rudaí praiticiúla le cur san áireamh

Leithdháiltí ama

Tugann *Creatchuraclam na Bunscoile* (An Roinn Oideachais, 2023) leithdháileadh ama íosta seachtainiúil molta isteach do réimse curaclaim na Folláine. I rith Chéim 1, leithdháiltear 2 uair an chloig agus 30 nóiméad in aghaidh na seachtaine don réimse seo. De réir mar a théann páistí ar aghaidh go céimeanna 2 go 4, méadaíonn an t-am leithdháilte le haghaidh Folláine go 3 uair an chloig in aghaidh na seachtaine. Go comhréireach, agus múinteoirí ag ullmhú d'eispéiris foghlama Corpoideachais agus OSPS, moltar cóimheas 2:1 a úsáid le haghaidh foghlama Corpoideachais agus OSPS, agus an leithdháileadh ama níos mó á thabhairt don chorpoidéachas.

An Curaclam Folláine agus beartas níos leithne

Tá dualgas cúraim ar scoileanna dá bpáistí agus tá ról luachmhar acu maidir le cabhrú le páistí na scoileanna is gá a fhorbairt chun cur ar a gcumas mí-úsáid agus cásanna a d'fhéadfadh a bheith drochídeach a aithint agus troid ina gcoinne. Le linn a bheith ag ullmhú agus ag pleanáil don fhoghlaim, don teagasc agus don mheasúnú a bhaineann leis an gCuraclam Folláine, tá sé riachtanach machnamh a dhéanamh ar bheartas agus ar chiorcláin níos leithne ina leagtar amach na cláir shainordaithe laistigh de OSPS. Go háirithe, tugann na *Nósanna imeachta um Chosaint Leanáí le haghaidh Bunscoileanna agus Iar-bhunscoileanna* comhairle agus treoir maidir le dea-chleachtas agus oibleagáidí reachtúla scoileanna maidir le cosaint leanáí agus cumhdach leanáí, lena n-áirítear úsáid an chláir éigeantaigh um mí-úsáid leanáí a chosc. Ina theannta sin, leagtar amach sna *nósanna imeachta Frithbhulaíochta do bhunscoileanna agus d'iar-bhunscoileanna* na riachtanais atá ar scoileanna maidir le hiompar bulaíochta a chosc agus déileáil leis. Scríobhadh Torthaí Foghlama sa *Churaclam Folláine* chun teacht leis an gclár éigeantach reatha agus leis na treoirlínte dea-chleachtais agus chun cur leo. Dá bhrí sin, ní mór an clár éigeantach um chosc ar mhí-úsáid leanáí a mhúineadh go fóill.

Ról na n-éascaitheoirí seachtracha agus na gclár seachtrach

Mar thoradh ar a gcaidreamh seanbhunaithe leis na páistí, a n-eolas oideolaíoch agus curaclaim, tá an múinteoir ranga in áit uathúil agus san áit is fearr chun an *Curaclam Folláine* a chur i bhfeidhm go héifeachtach.

Is é an múinteoir ranga cáilithe an gairmí is fearr chun oibriú go híogair seasta leis an scoláire agus is féidir leis tionchar cumhachtach a bheith aige ar dhífear a dhéanamh do dhearcadh, luachanna agus iompar an scoláire i ngach gné den oideachas folláine. (Ciorclán 0042/2018)¹²

Sa chás ina n-aithnítear riachtanas ar leith, is féidir le héascaitheoirí seachtracha ról comhlántach a imirt i gcomhpháirtíocht chomhoibritheach le múinteoirí do ghnéithe den churaclam. Is i gcomhairle le lucht ceannaireachta na scoile, tuismitheoirí agus páistí is fearr a dhéantar aon chinneadh maidir le soláthraithe seachtracha a bheith páirteach, ag cinntiú go gcloítear le ciorcláin agus nósanna imeachta ábhartha.

Ba cheart machnamh a dhéanamh freisin ar dhul chun cinn fhoghlaim na bpáistí agus cé acu a chuirfidh nó nach gcuirfidh éascaitheoir seachtrach leis seo. Ina theannta sin, ba cheart féachaint ar ailíniú idir an t-éascaitheoir seachtrach agus an *Curaclam Folláine* ó thaobh ábhair, cur chuige oideolaíoch agus riachtanas, aois agus aibíocht na bpáistí de. Agus iad tógtha le chéile, tacaíonn na ceisteanna seo le lucht ceannaireachta na scoile agus le múinteoirí chun taithí agus tacaíocht scileanna an éascaitheora sheachtraigh a mheas ar mhaithe lena n-oiriúnacht a chinntiú.

Má dhéantar cinneadh oibriú i gcomhpháirtíocht le héascaitheoir seachtrach, tá cur chuige comhoibritheach i leith na pleanála riachtanach, lena n-áirítear cloí le nósanna imeachta agus treoirlínte maidir le cosaint leanaí, ullmhúchán ag féachaint do chomhthéacs na scoile, naisc le réamhfhoghlaim na bpáistí agus a chinntiú go bhfreastalaítear ar riachtanais gach páiste. Ba cheart do na scoileanna agus do na múinteoirí a chinntiú go dtagann gach ionchur seachtrach leis an gcur chuige maidir le foghlaim, teagasc agus measúnacht mar atá leagtha amach sa *Churaclam Folláine* agus i *gCreatchuraclam na Bunscoile*. (An Roinn Oideachais, 2023).

Ba cheart cothromas idir minicíocht agus fad aon ionchuir sheachtraigh a chinntiú ionas go gcoinneoidh múinteoirí an ról lárnach i seachadadh an *Churaclaim Folláine*. Oibríonn éascaitheoirí seachtracha i gcónaí faoi threoir agus faoi mhaoirseacht an mhúinteora ranga a fhanann leis na páistí i gcónaí. Is féidir le ról leanúnach an mhúinteora le linn ionchur seachtrach tacaíocht a thabhairt do pháistí, teagasc foirne agus ceangail fhiúntacha a chinntiú le réamhfhoghlaim. Tar éis ionchur a bheith déanta, leanann múinteoirí de dheiseanna machnaimh a chur ar fáil, ceangail a dhéanamh, aiseolas a bhailiú, agus ar an gcaoi sin tacaítear leis an múinteoir machnamh a dhéanamh ar éifeachtacht an ionchuir maidir le cur le hoideachas iomlánaíoch Folláine na bpáistí agus breithmheas a thabhairt air.

¹² An Roinn Oideachais (2018). Treoir um dhea-chleachtas do bhunscoileanna maidir le húsáid clár agus/nó éascaitheoirí seachtracha ó thaobh folláine a chur chun cinn atá ag teacht le Ráiteas Polasaí Folláine agus Creat Cleachtas na Roinne Oideachais agus Scileanna Baile Átha Cliath: Rialtas na hÉireann. Ar fáil ag: <https://www.gov.ie/en/circular/6e3c9d8cac2b4455af829826ff16ec74/>

Ina theannta sin, tá tacaíocht tugtha ag an Roinn Oideachais do roinnt clár a thacaíonn le foghlaim agus teagasc sa *Churaclam Folláine*. Beidh nasc chuig na cláir seo ar fáil sna hUirlisí Úsáide Folláine Ar Líne. Níl siad seo saintreorach agus ba cheart do gach scoil machnamh a dhéanamh ar riachtanais agus ar na spéiseanna ar leith atá ag a bpáistí agus pobal na scoile i gcoitinne agus aon chlár nó acmhainn á breithniú acu.

7. Leagan Amach na nUirlisí Úsáide Folláine ar Líne

Nuair a bheidh siad curtha i gcrích, cuirfidh na hUirlisí Úsáide Folláine Ar Líne tacaíocht phraiticiúil ar fáil do mhúinteoirí maidir le taithí shaibhir foghlama a chruthú do pháistí. Cuimseoidh comhpháirteanna na n-uirlisí úsáide ar líne ábhair thacaíochta, samplaí d'fhoghlaim na bpáistí agus stór de chlár agus acmhainní a mholtar.

8. Gluais

Tarraingíonn an ghluais aird ar eochairfhocail agus ar théarmaíocht a úsáidtear sa doiciméad seo, rud a bhféadfadh nach mbeadh taithí ag na múinteoirí air, nó d'fhéadfadh go mbeadh tuilleadh mínithe ag teastáil uathu.

Athléimneacht	An cumas chun dul i ngleic leis na gnáth-struis a bhíonn ann sa saol, agus oiriúnú a dhéanamh agus bealach a dhéanamh trí dhúshláin, céimeanna ar gcúl, nó cásanna deacra. I measc na scileanna oiriúnaitheacha a d'fhéadfadh tacú le hathléimneacht, tá machnamh, meastóireacht, rialáil mhothúcháin, buanseasmhacht, tiomantas, dóchas agus féinmhuinín, réiteach fadhbanna, solúbthacht, agus bainistíocht ama.
Braistintí agus mothúcháin	Is freagairtí casta bitheolaíocha iad mothúcháin ar spreagthaí nó ar chásanna ar leith. Is minic go mbíonn siad gairid agus dian agus de ghnáth bíonn athruithe coirp ag gabháil leo cosúil le ráta croí méadaithe, gothaí gnúise agus scaoileadh hormóin. Is iad braistintí an t-eispéireas comhfhiosach a bhíonn ann de mhothúcháin. Bíonn siad suibiachtúil de ghnáth, is féidir le taithí phearsanta dul i bhfeidhm orthu, agus is féidir leo a bheith éagsúil go forleathan ó dhuine go duine.
Bulaíocht	Iompar spriocdhírthe ar líne nó as líne is ea bulaíocht, a dhéanann dochar. D'fhéadfadh nádúr an dochair a dhéantar a bheith fisiciúil, sóisialta agus/nó mothúcháin. Déantar iompar bulaíochta arís agus arís eile le himeacht aimsire agus cuimsíonn sé éagothroime cumhachta i gcaidrimh idir beirt nó idir grúpaí daoine sa tsochaí. Is iomaí cineál bulaíochta atá ann, lena n-áirítear: bulaíocht bunaithe ar an bhféiniúlacht, cibearbhulaíocht, bulaíocht chiníoch, bulaíocht ghnéasach, agus ciapadh gnéasach.
Caidrimh (i réimse na gluaiseachta)	Feasacht agus iniúchadh ar chaidrimh le daoine éagsúla i réimse na gluaiseachta, mar shampla, le comhpháirtithe/grúpaí, treorú/leanúint, ag cóipeáil, le chéile/éagsúil óna chéile nó i gcanóin. Cuimsíonn sé sin freisin iniúchadh a dhéanamh ar chaidrimh le rudaí i ngluaiseacht, mar shampla os cionn, faoi, trí agus timpeall.
Ceartas sóisialta	Is ionann an ceartas sóisialta agus dáileadh cóir cothrom na n-acmhainní, na ndeiseanna agus na bpríbhléidí laistigh de shochaí, ag cinntiú go bhfuil an rochtain chéanna ag gach duine ar bhunriachtanais agus deiseanna.
Claonadh	Réamhchlaonadh i bhfabhar nó i gcoinne duine nó grúpa daoine, go háirithe ar bhealach a bhféadfaí a mheas a bheith míchothrom.
Cleachtais dhaonlathacha	Baineann sé seo le páistí agus cead acu a gcuid a rá a bhaineann le cúrsaí a théann i bhfeidhm orthu bunaithe ar phrionsabail an daonlathais.
Cluichiú	Is teicníc é cluichiú a chuimsíonn úsáid a bhaint as na heilimintí inspreagtha a bhaineann le cluichí agus cluichí físeáin laistigh den réimse oideachais, agus é mar aidhm spreagadh, foghlaim agus taitneamh na bpáistí a fheabhsú.
Comhbhá	An gníomh a bhaineann le tuiscint, a bheith eolach faoi, a bheith íogair ina leith, agus braistintí, mothúcháin, smaointe, agus taithí duine eile a bhraith tú féin go hindíreach.


Corpoideachas fiúntach	Tacaíonn Corpoideachas fiúntach le páistí luach a chur ar an gCorpoideachas agus a aithint conas is féidir leis caighdeán a saoil a fheabhsú trí eispéiris fhiúntacha.
Cothromas	Tagraíonn cothromas do chothroime nó do cheartas sa chaoi a gcaitear le daoine, ag aithint agus ag tabhairt aghaidh ar riachtanais éagsúla daoine aonair nó grúpaí. D'fhéadfadh acmhainní, deiseanna nó leibhéal éagsúla tacaíochta a bheith i gceist leis bunaithe ar riachtanais shonracha nó ar chúinsí aonair, agus é mar aidhm aige a chinntiú gur féidir le gach duine a bheith faoi bhláth.
Dinimic	Feasacht agus iniúchadh ar an gcaoi a mbogann an corp, mar shampla, go tapa nó go mall, go tobann, nó go marthanach, go láidir nó go héadrom.
Dul chun cinn féin-tagartha	Machnamh a dhéanamh ar fheabhas pearsanta, seachas comparáid a dhéanamh idir an duine féin agus daoine eile.
Feasacht choirp	Feasacht ar chodanna éagsúla den chorp a bhogann, cruthanna éagsúla is féidir leis an gcorp a dhéanamh, mar shampla ciorclach, caol, leathan, cuartha, lúbtha, sínte, cruth réalta, píce, a bheith ar an dá thaobh de rud, craptha, agus gníomhartha éagsúla is féidir leis an gcorp a dhéanamh, mar shampla taisteal, tiontú, aistriú meáchain, luascadh, brú, tarraingt.
Feasacht spáis	Feasacht agus iniúchadh ar an áit ar féidir leis an gcorp bogadh, mar shampla, spás pearsanta agus ginearálta, treoracha, leibhéal ísle, mheánacha agus arda chomh maith le conairí cuartha, fiarlánacha agus díreacha.
Féiniómhá	Is éard is féiniómhá ann ná an chaoi a smaoiníonn nó a mbreathnaíonn duine air féin, mar shampla, a phearsantacht, an chuma atá air agus a luachanna.
Féinriar coirp	Aitheantas a thabhairt don cheart chun an rud a tharlaíonn do chorp duine a rialú.
Folláine spioradálta	Baineann folláine spioradálta le grá don saol, do dhaoine eile, agus le tuiscint ar an gceangal leis an duine féin, le daoine eile, leis an dúlra, leis an domhan agus, i gcás daoine áirithe, le cuspóir níos mó nó le hardchumhacht. Baineann sí le creidimh agus cleachtais phearsanta a d'fhéadfadh nó nach bhféadfadh a bheith nasctha le reiligiún eagraithe.
Gléasanna inchaite	Is gléas teicneolaíochta é gléas inchaite a chaitear ar an gcorp a rianaíonn méadrachtaí sláinte agus folláine.
Gníomhú pearsanta	Aitheantas a thabhairt do cheart na bpáistí chun cinntí a dhéanamh a théann i bhfeidhm ar a saolta. Bíonn páistí gníomhach ina gcuid foghlama féin agus léiríonn siad a gcumas a bheith neamhspleách nuair a ghlacann siad ceannas ar chásanna foghlama, breathnaíonn siad ar imeachtaí reatha agus cuireann siad isteach orthu, nó cuireann siad tús le comhráite le daoine eile agus trí blaiseadh a fháil de chleachtais dhaonlathacha.
Ilchineálacht	Baineann ilchineálacht le héagsúlacht aonair agus ghrúpa sa tsochaí. Baineann sí leis an éagsúlacht mar chuid den saol a fháiltiú agus meas a léiriú uirthi. Baineann sé le meas a léiriú agus ceiliúradh a dhéanamh ar dhifríochtaí agus, san am céanna, ár gcuid comhchosúlachtaí agus nascachta a thabhairt faoi deara agus a mhóradh.
Íomhá choirp	An íomhá dár gcorp féin a chruthaímid inár n-aighe.
Leithcheal	Áirítear leis seo beartais, cleachtais nó iompraíochtaí arb éard a bhíonn mar thoradh orthu ná go gcaitear le daoine aonair nó grúpaí go míchothrom mar

	gheall ar a bhféiniúlacht nó an fhéiniúlacht a shíltear a bheith acu. Is féidir leis a bheith d'aon ghnó nó neamhbheartaithe, díreach nó indíreach.
Litearthacht fhisiciúil	Is éard is litearthacht fhisiciúil ann ná an spreagadh, an mhuinín, an inniúlacht fhisiciúil, an t-eolas agus an tuiscint a chumasaíonn duine luach a chur ar ghníomhaíocht choirp agus páirt a ghlacadh inti ar feadh an tsaoil.
Meáin	Tagraíonn na meáin do chineálacha éagsúla bealaí cumarsáide agus ardáin a chuireann faisnéis, siamsaíocht, agus teachtaireachtaí in iúl do lucht féachana/éisteachta leathan. Cuimsíonn na meáin réimse éagsúil formáidí agus teicneolaíochtaí, gach ceann acu ag freastal ar chuspóirí uathúla maidir le hábhar a scaipeadh. I measc samplaí de na meáin tá, ach gan bheith teoranta dóibh: na meáin chlóite, na meáin chraolta, na meáin dhigiteacha, na meáin idirghníomhacha, na meáin amhairc, na meáin fuaime, agus na meáin shóisialta.
Próiseas agus spriocanna oscailte	Díríonn sprioc phróisis ar an bpróiseas agus ar an bhfoghlaim a bhaineann le tasc a dhéanamh go héifeachtach (m.sh. trí ghné de mo theicníc reathaíochta a shainnithint le feabhas a chur orthu). Bíonn spriocanna oscailte trialach agus oscailte (m.sh. féach cé chomh tapa agus is féidir liom 50 méadar a rith).
Réitigh ghluaiseachta	Forbraítear réiteach gluaiseachta nuair a chruthaíonn nó nuair a chuireann páistí gluaiseachtaí in oiriúint le bheith rathúil go haonarach/i dteannta a chéile laistigh de thasc, dúshlán nó fadhb ghluaiseachta. De ghnáth, déantar iniúchadh ar réitigh ghluaiseachta laistigh de chur chuige fionnachtana.
Scileanna láimhsithe	Rudaí a rialú ag baint úsáid as codanna éagsúla den chorp, mar shampla, ag ceapadh, ag caitheamh, ag ciceáil, ag buail leis an lámh agus ag buail le huirlis.
Scileanna luaile	An corp a bhogadh in aon treo ó phointe amháin go pointe eile. Mar shampla, a bheith ag siúl, ag rith, ag hapáil, ag scipeáil, ag léim le dul san aer/achar a thrasnú, céim a thabhairt i leataobh nó sleaschéim a thabhairt thart ar rud.
Scileanna seasmhachta	An corp a chothromú i socracht agus é ag gluaiseacht, mar shampla, cothromú agus tuirlingt.
Steiréitíopaí	Cur síos a dhéanamh ar dhuine, ar ghrúpa nó ar chultúr atá bunaithe ar réimse gnéithe, iompraíochtaí nó gníomhaíochtaí a ndéantar talamh slán díobh.
Struchtúir theaghlaigh	Tagraíonn éagsúlacht struchtúr teaghlaigh don réimse bealaí a bhfoirmítear teaghlaigh agus an struchtúr atá acu, amhail teaghlaigh stiúrtha ag máthair/athair, teaghlaigh comhthuismitheoireachta, teaghlaigh aontuismitheora, teaghlaigh chomhghnéis, teaghlaigh sínte, leas-theaghlaigh, teaghlaigh uchtála, teaghlaigh altrama, agus go leor eile.
Suíomh feidhmeach	Is éard is suíomh feidhmeach ann ná an timpeallacht, an spás nó an áit ina dtarlaíonn gluaiseacht sa phobal.
Teorainneacha	Tagraíonn sé sin do spás pearsanta agus príobháideachas a thuiscint agus meas a léiriú orthu.

Toiliú

Is éard is toiliú ann ná cead nó comhaontú a thabhairt go dtarlódh rud éigin nó go ndéanfaí rud éigin. Tá meas agus cumarsáid ón dá pháirtí ag teastáil chuige agus is coincheap tábhachtach é go bhfoghlaimeodh páistí faoi ó aois óg. Tá eolas mar gheall ar a dteorainneacha féin agus teorainneacha daoine eile mar aon le meas orthu san áireamh sa toiliú.

Aguisín 1: Ceangail thar shnáitheanna





NCCA

An Chomhairle Náisiúnta
Curaclaim agus Measúnachta
National Council for
Curriculum and Assessment